Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B RIALACHÁN (AE) 2019/833 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Bealtaine 2019

lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) Uimh. 1386/2007 ón gComhairle

(IO L 141, 28.5.2019, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Rialachán (AE) 2021/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021	L 274	32	30.7.2021
►M2	Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1281 ón gCoimisiún an 4 Márta 2022	L 195	21	22.7.2022

▼B

RIALACHÁN (AE) 2019/833 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Bealtaine 2019

lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) Uimh. 1386/2007 ón gComhairle

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Mura bhforáiltear a mhalairt, tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun críocha gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála a dhéantar ar acmhainní iascaigh i Limistéar Rialála Eagraíocht NAFO, mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, chomh maith le gníomhaíochtaí a dhéanann soithí tríú tíortha faoi Choinbhinsiún in uisce nó ar chríoch an Aontais.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do na hoibleagáidí i Rialacháin atá ann cheana in earnáil an iascaigh, go háirithe Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ([2]) agus i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([3]).

3. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán, ní chuirfear srian ar shoithí taighde an Aontais le bearta caomhnaithe agus bainistithe maidir le hiasc a ghabháil, go háirithe bearta a bhaineann le mogallmhéid, teorainneacha méide, limistéir choiscthe agus séasúir choiscthe.

Airteagal 2

Ábhar

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo na rialacha faoina gcuirfidh an tAontas CEM i bhfeidhm chun go ndéanfar iad a chur chun feidhme go haonfhoirmeach éifeachtach san Aontas.

([1]) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001 agus Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002, Rialachán (CE) Uimh. 811/2004, Rialachán (CE) Uimh. 768/2005, Rialachán (CE) Uimh. 2115/2005, Rialachán (CE) Uimh. 2166/2005, Rialachán (CE) Uimh. 388/2006, Rialachán (CE) Uimh. 509/2007, Rialachán (CE) Uimh. 676/2007, Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007, Rialachán (CE) Uimh. 1300/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

▼B

2. Thairis sin, leasaítear leis an Rialachán seo forálacha áirithe de Rialachán (AE). 2016/1627.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn “an Coinbhinsiún” an Coinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh 1979, arna leasú ó am go ham;

(2) ciallaíonn “an Limistéar an Choinbhinsiúin” an limistéar a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leis mar a thuairiscítear i mír 1 d'Airteagal IV de. Tá Limistéar an Choinbhinsiún roinnte i bhFolimistéir, Ranna agus Fo-Ranna eolaíochta agus staidrimh a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;

(3) ciallaíonn “an Limistéar Rialála” an chuid sin de Limistéar an Choinbhinsiúin atá taobh amuigh den dlínse náisiúnta;

(4) ciallaíonn “acmhainní iascaigh” na héisc, moilisc agus crústaigh atá laistigh de Limistéar an Choinbhinsiúin, seachas iad seo a leanas:

(a) speicis neamhaistreacha a bhféadann na stáit cois cósta cearta ceannasacha a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 77 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige; agus

(b) a mhéid a bhainistítear iad faoi chonarthaí idirnáisiúnta eile, stoic anadromacha agus chatadromacha agus speicis mhórimirceacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige;

(5) ciallaíonn “gníomhaíochtaí iascaireachta” saothrú agus próiseáil acmhainní iascaigh, tabhairt i dtír agus trasloingsiú acmhainní iascaigh nó táirgí a dhíorthaítear ó acmhainní iascaigh, nó aon ghníomhaíocht eile a dhéantar mar ullmhúchán le haghaidh acmhainní iascaigh a shaothrú, nó chun tacú leis sin nó a bhaineann leis sin, sa limistéar rialála, lena n-áirítear:

(a) acmhainní iascaigh a chuardach nó a ghabháil go hiarbhír nó iarracht an méid sin a dhéanamh;

(b) aon ghníomhaíocht a bhféadfaí a mheas go dtiocfadh aisti acmhainní iascaigh a aimsiú, a ghabháil, nó a shaothrú chun aon chríche; agus

(c) aon oibríocht a dhéantar ar muir mar thacú le haon ghníomhaíocht, nó mar ullmhúchán d'aon ghníomhaíocht, a thuairiscítear sa sainmhíniú seo, ach ní áirítear leo aon oibríochtaí i dtaca le héigeandálaí a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht bhaill an chriú nó sábháilteacht an tsoithigh.

▼M1

(6) Ciallaíonn “soitheach iascaireachta” aon soitheach de chuid an Aontais atá feistithe nó beartaithe le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta, nó atá páirteach i ngníomhaíochtaí iascaireachta, lena n-áirítear próiseáil éisc, trasloingsiú nó aon ghníomhaíocht eile atá mar ullmhúchán do ghníomhaíochtaí iascaireachta nó a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iascaireachta turgnamhacha nó taiscéalaíocha;

▼B

(7) ciallaíonn “soitheach taighde” soitheach a úsáidtear go buan le haghaidh taighde nó soitheach a úsáidtear de ghnáth le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta nó gníomhaíocht tacaíochta iascaigh agus a úsáidtear de thuras na huaire le haghaidh taighde iascaigh;

(8) ciallaíonn “CEM” bearta Caomhnaithe agus Forfheidhmithe atá i bhfeidhm de réir mar a ghlac Coimisiún NAFO iad;

(9) ciallaíonn “deiseanna iascaireachta” cuótaí iascaireachta arna leithdháileadh ar Bhallstát le gníomh de chuid an Aontais atá i bhfeidhm maidir leis an limistéar rialála;

(10) ciallaíonn “EFCA” an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach arna bunú le Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]);

(11) ciallaíonn “lá iascaireachta” aon lá féilire nó aon chuid de lá féilire atá soitheach iascaireachta i láthair in aon roinn sa limistéar rialála;

(12) áirítear le “calafort” críochfoirt amach ón gcósta agus suiteálacha eile a úsáidtear chun tabhairt i dtír, trasloingsiú, pacáistiú, próiseáil, athbhreoslú agus athsholáthar a dhéanamh;

(13) ciallaíonn “soitheach páirtí neamhchonarthaigh” soitheach a bhfuil bratach ar foluain aige ar bratach stáit nach páirtí conarthach in NAFO é nó nach Ballstát é, nó ar soitheach é a mheastar a bheith gan náisiúntacht;

(14) ciallaíonn “trasloingsiú” acmhainní nó táirgí iascaigh, a aistriú, thar bord, ó shoitheach iascaireachta amháin go soitheach iascaireachta eile;

(15) ciallaíonn “trál meánuisce” trealamh tráil a dearadh chun speicis pheiligeacha a iascach, nach ndéantar aon chuid de a oibriú go tadhlach leis an ngrinneall aon am nó a dearadh chun oibriú ar an gcaoi sin. Ní áireofar leis an trealamh dioscaí, eiteáin nó rollóirí atá ar choistéad an trealaimh, nó aon fheistis eile atá deartha chun teagmháil a dhéanamh leis an ngrinneall, ach féadfaidh ball cosanta bheith ceangailte de;

(16) ciallaíonn “éiceachórais leochaileacha mhuirí (VMEnna)” na héiceachórais leochaileacha mhuirí dá dtagraítear i mír 42 agus mír 43 de Threoirlínte Idirnáisiúnta (FAO) Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le Bainistiú Iascach Domhainfharraige ar an Mórmhuir;

([4]) Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (IO L 83, 25.3.2019, lch. 18).

▼B

(17) ciallaíonn “lorg”, dá ngairtear “limistéir iascaireachta grinnill atá ann cheana”, an chuid sin den limistéar rialála a ndearnadh iascaireacht ghrinnill inti go stairiúil agus a shainítear leis na comhordanáidí a thugtar i dTábla 4 agus i bhFíor 2 de CEM dá dtagraítear i bpointe 1 agus i bpointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(18) ciallaíonn “gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill” aon ghníomhaíocht a ndéanann an trealamh iascaireachta teagmháil le grinneall na farraige lena linn, nó ar dócha go ndéanfaidh sé teagmháil le grinneall na farraige le linn gnáthoibríochtaí iascaireachta;

(19) ciallaíonn “iasc próiseáilte” aon orgánach muirí a rinneadh a athrú go fisiceach ón uair a gabhadh é, lena n-áirítear iasc a rinneadh a fhilléadú, a ghlanadh, a phacáistiú, a stánú, a reo, a dheatú, a shailleadh, a phicilt, a thriomú nó a ullmhú don mhargadh ar aon bhealach eile;

(20) ciallaíonn “gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha” gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill a dhéantar lasmuigh den lorg, nó laistigh den lorg agus athruithe suntasacha déanta ar an modh oibre nó ar an teicneolaíocht a úsáidtear san iascach;

(21) ciallaíonn “speicis tháscacha VME” na speicis lena léirítear gurb ann d'éiceachórais leochaileacha mhuirí, mar a shonraítear i gCuid VI d'Iarscríbhinn I.E de CEM dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(22) ciallaíonn “uimhir IMO” uimhir seacht ndigit, a shanntar faoi údarás na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO);

(23) ciallaíonn “cigire”, mura sonraítear a mhalairt, cigire ar sheirbhísí rialaithe iascaigh Páirtí Chonarthaigh de chuid NAFO a shanntar maidir le scéim cigireachta agus faireachais chomhpháirteach dá dtagraítear i gCaibidil VII;

(24) tagraíonn “iascaireacht NNN” do na gníomhaíochtaí a shonraítear sa phlean gníomhaíochta idirnáisiúnta chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú ar ghlac Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe é;

(25) airítear le “turas iascaireachta” i ndáil le soitheach iascaireachta an t-am a chaitear ón tráth a dtéann sé isteach sa limistéar rialála, a leanann go dtí go mbíonn gach gabháil ar bord ón limistéar rialála tugtha i dtír nó trasloingsithe go dtí go bhfágann sé an limistéar sin;

(26) ciallaíonn “lárionad faireacháin iascaigh” lárionad faireacháin iascaigh ar talamh de chuid an Bhallstáit brataí;

(27) ciallaíonn “liosta de shoithí NNN” an liosta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 52 agus Airteagal 53 de CEM;

(28) ciallaíonn “tionchair shuntasacha dhochracha” na tionchair shuntasacha dhochracha dá dtagraítear i mír 17 go mír 20 de Threoirlínte Idirnáisiúnta FAO maidir le Bainistiú Iascach Domhainfharraige ar an Mórmhuir;

▼B

(29) ciallaíonn “gné tháscach VME” gné tháscach VME dá dtagraítear i ngnéithe topagrafacha, hidrifhisiceacha nó geolaíocha a d'fhéadfadh tacú le VMEnna mar a shonraítear i gCuid VII d'Iarscríbhinn I.E. de CEM dá dtagraítear i bpointe 4 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán.

(30) ciallaíonn “breathnóir” duine atá údaraithe agus deimhnithe ag Ballstát nó Páirtí Conarthach chun breathnóireacht agus faireachán a dhéanamh agus iad ar bord soithí iascaireachta agus chun faisnéis a bhailiú;

▼M1

(31) Ciallaíonn “suíomh gréasáin MSC” suíomh gréasáin Monatóireachta, Rialála agus Faireachais NAFO a bhfuil faisnéis ábhartha ann le haghaidh cigireachtaí ar muir agus cigireachtaí i gcalafort.

▼B

CAIBIDIL II

BEARTA CAOMHNAITHE AGUS BAINISTITHE

Airteagal 4

Soithí taighde

1. Ní dhéanfaidh soitheach taighde na nithe seo a leanas:

(a) dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta nach bhfuil i gcomhréir lena phlean taighde; nó

(b) an séacla Artach i Roinn 3L a ghabháil os cionn leithdháileadh Bhallstát brataí an tsoithigh.

▼M2

1a. In 2022, ní dhéanfaidh soitheach taighde na nithe seo a leanas:

(a) trosc 3M de bhreis ar 15 thonna méadrach a ghabháil. Má sháraíonn gabháil an tsoithigh taighde an méid sin, déanfar an farasbarr a chomhaireamh in aghaidh an leithdháilte ar Pháirtí Conarthach Stát brataí an tsoithigh. Má tá an leithdháileadh ar an mBallstát maidir le trosc 3M ídithe, ní thabharfaidh an Ballstát údarú dá shoithí tuilleadh gníomhaíochtaí taighde a dhéanamh. Aon ghníomhaíocht taighde atá ar siúl, ní mór don oibreoir í a stopadh a luaithe a ghabhfar 15 thonna.

(b) séaclaí 3M de bhreis ar 10 dtonna méadrach a ghabháil. Ós rud é nach n-údarófar aon iascach dírithe maidir le séaclaí 3M in 2022, ní mór don oibreoir aon ghníomhaíocht taighde atá ar siúl a stopadh a luaithe a ghabhfar 10 dtonna.

▼B

2. I dtráth nach lú ná 10 lá roimh thús thréimhse taighde iascaigh, déanfaidh an Ballstát brataí na bearta seo a leanas:

(a) trí tharchur leictreonach sa bhformáid dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 5 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a chur in iúl don Choimisiún na soithí taighde ar fad a bhfuil a bhratach ar foluain acu agus ar údaraigh an Coimisiún gníomhaíochtaí taighde a dhéanamh sa limistéar rialála; agus

▼B

(b) plean taighde a chur ar fáil don Choimisiún maidir le gach soitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aige agus atá údaraithe chun taighde a dhéanamh, agus áireofar sa Phlean an cuspóir atá leis, an suíomh ina ndéanfar é agus, i gcás soitheach atá ag gabháil go sealadach do thaighde, dátaí na tréimhse ina mbeidh an soitheach ag feidhmiú mar shoitheach taighde.

3. Tabharfaidh an Ballstát brataí fógra gan mhoill don Choimisiún nuair a bheidh deireadh curtha le gníomhaíochtaí taighde ag soitheach ar bith atá ag gabháil go sealadach de chúrsaí taighde.

4. Tabharfaidh an Ballstát brataí fógra don Choimisiún faoi athruithe ar an bplean taighde tráth nach déanaí ná 10 lá roimh an dáta a gcuirfear na hathruithe sin i bhfeidhm. Coimeádfaidh an soitheach taighde taifead de na hathruithe sin ar bord.

5. Soithí atá i mbun taighde, coimeádfaidh siad ar bord i gcónaí cóip Bhéarla den phlean taighde.

6. An fhaisnéis a fhógróidh na Ballstáit bhrataí i gcomhréir le mír 3, mír 4 agus mír 5, cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO í, tráth nach déanaí ná seacht lá roimh thús na tréimhse iascaigh nó, i gcás ina n-athrófar an Plean Taighde, seacht lá roimh an dáta ina dtagann aon athrú ar an bplean taighde i bhfeidhm.

Airteagal 5

Teorainneacha gabhála agus iarrachta

1. Déanfaidh gach Ballstát a áirithiú go mbeidh feidhm ag gach teorainn gabhála agus/nó iarrachta a shainaithnítear i ndeiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm, agus mura luafar a mhalairt, déanfar gach cuóta a shloinneadh mar bheomheáchan, i dtonaí méadracha.

▼M1

2. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu iascaireacht a dhéanamh ar stoic nár sannadh cuóta don Aontas ina leith i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm (an cuóta “Eile”), más ann don chuóta sin agus murar thug Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO fógra maidir le tréimhse choiscthe.

▼B

3. Maidir le stoic a shainaithnítear sna deiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm ar ghabh soithí a bhfuil a bhratach ar foluain orthu, déanfaidh gach Ballstát brataí:

(a) i gcás gach speicis ó stoic a liostaítear i ndeiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm agus ar ghabh soithí a bhfuil a bhratach ar foluain orthu, a áirithiú go ríomhfar in aghaidh an chuóta a sannadh don Bhallstát sin é, lena n-áireofar foghabháil péirse mara i Roinn 3M ar gabhadh é idir an dáta a mheastar gur gabhadh 50 % de ghabháil iomlán incheadaithe (TAC) na péirse mara i Roinn 3M agus an 1 Iúil;

(b) a áirithiú nach gcoimeádfar tuilleadh péirse mara a ghabhtar i Roinn 3M ar bord soithí a bhfuil a bhratach ar foluain orthu tar éis an dáta a mheastar gur gabhadh 100 % de TAC na péirse mara i Roinn 3M, cé is moite de phéirse mara a gabhadh i Roinn 3M roimh an tréimhse choiscthe;

▼M1

(c) fógra a thabhairt don Choimisiún agus do EFCA maidir le hainmneacha soithí de chuid an Aontais a bhfuil sé beartaithe acu iascaireacht a dhéanamh ar an gcuóta "Eile" 48 n-uair an chloig ar a laghad roimh gach dul isteach, agus tar éis neamhláithreacht 48 n-uair an chloig ar a laghad ón Limistéar Rialála. I gcás inar féidir, cuirfear réamh-mheastachán maidir leis an ngabháil leis an bhfógra sin. I gcás ina measann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha a leagtar síos in CEM, tabharfaidh sé fógra do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

▼B

4. I gcás dola áirithe amháin, an speiceas arb ionann é agus an céatadán is mó, de réir meáchain, den ghabháil iomlán sa dol sin, measfar gur gabhadh é in iascach dírithe den stoc lena mbaineann.

Airteagal 6

Cosc iascaireachta

1. Déanfaidh gach Ballstát na nithe seo a leanas:

(a) a iascach i ndáil le stoic a liostaítear sna deiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm sa Limistéar Rialála a chosc an dáta a léirítear leis na sonraí atá ar fáil go ngabhfar an cuóta iomlán a sannadh don Bhallstát sin maidir leis na stoic lena mbaineann, lena n-áireofar an chainníocht réamh-mheasta a bheidh le gabháil roimh thús thréimhse choiscthe an iascaigh, ábhar aischurtha, agus gabhálacha neamhthuairiscithe measta ag gach soitheach a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain aige;

(b) a áirithiú go n-éireoidh a chuid soithí a bhfuil a bhratach ar foluain orthu gan mhoill as a ngníomhaíochtaí iascaireachta a d'fhéadfadh gabháil a bheith mar thoradh orthu a luaithe is a thabharfaidh an Coimisiún fógra dóibh i gcomhréir le mír 3 go bhfuil an cuóta a sannadh don Bhallstát sin bainte amach ina iomláine. Más féidir leis an mBallstát a léiriú go bhfuil cuóta ar fáil don stoc sin i gcomhréir le mír 2, féadfaidh soithí an Bhallstáit sin iascaireacht a dhéanamh ar an stoic sin in athuair;

(c) cosc a chur ar a iascach do shéacla Artaigh i Roinn 3M nuair a bhainfear amach líon na laethanta a sannadh don Bhallstát sin. Déanfar an méid laethanta iascaireachta i ndáil le gach soitheach a chinneadh le sonraí suímh VMS laistigh de Roinn 3M, agus áireofar cuid de lá mar lá iomlán;

▼M1

(d) cosc a chur ar a iascach dírithe ar phéirse mhara i Roinn 3M idir 24.00 AUL an lá a mheasfar gabháil charntha thuairiscithe a bheith cothrom le 50 % de TAC do phéirse mhara i Roinn 3M, faoi mar atá curtha in iúl i gcomhréir le mír 3, agus an 1 Iúil;

(e) cosc a chur ar a iascach dírithe ar phéirse mhara i Roinn 3M ag 24.00 AUL an lá a mheasfar gabháil charntha thuairiscithe a bheith cothrom le 100 % de TAC do phéirse mhara i Roinn 3M, faoi mar atá curtha in iúl i gcomhréir le mír 3.

▼B

(f) fógra a thabhairt don Choimisiún gan mhoill maidir leis an dáta a thosóidh an tréimhse coiscthe dá bhforáiltear i bpointí (a) go (e);

(g) cosc a chur ar shoithí a bhfuil bratach an Bhallstáit ar foluain acu ó bheith ag leanúint d'iascach dírithe sa Limistéar Rialála maidir le stoc ar leith faoin gcuóta "Eile" níos faide ná 5 lá ó d'fhógair Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO, mar a tharchuirfidh an Coimisiún, go meastar gur gabhadh an cuóta "Eile" áirithe sin, i gcomhréir le mír 3;

▼B

(h) a áirithiú nach gcuirfidh aon soitheach a bhfuil bratach an Bhallstáit ar foluain aige tús le hiascach dírithe sa Limistéar Rialála maidir le stoc ar leith faoi chuóta 'Eile' i ndiaidh gur fhógair Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO go meastar gur gabhadh an cuóta airithe sin, i gcomhréir le mír 3;

(i) tar éis cosc a chur ar a iascach i gcomhréir leis an mír seo, a áirithiú nach gcoimeádfar a thuilleadh den stoc éisc lena mbaineann ar bord na soithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu mura n-údarófar a mhalairt leis an Rialachán seo.

2. Féadfar iascach atá coiscthe i gcomhréir le mír 1 a athoscailt laistigh de 15 lá ó am ar thug an Coimisiún fógra tar éis dó a bheith i dteagmháil le Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO:

(a) i gcás ina gcinnteoidh Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO gur léirigh an Coimisiún go bhfuil cuóta iarmharach ar fáil óna chéad sannadh; nó

(b) i gcás ina bhfágann aistriú cuóta ó Pháirtí Conarthach NAFO eile, i gcomhréir le deiseanna iascaireachta, go bhfuil cuóta breise ann faoi réir tréimhse coiscthe i ndáil leis an stoc éisc sin.

3. Tabharfaidh an Coimisiún fógra gan mhoill do na Ballstáit maidir le dáta na tréimhse coiscthe dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 7

Foghabháil a choimeádtar ar bord

1. Déanfaidh máistir an tsoithigh, lena n-áirítear soitheach atá cairtfhostaithe i gcomhréir le hAirteagal 23, a áirithiú go n-íoslaghdóidh an soitheach an fhoghabháil speiceas ó stoic arna sainaithint ina dheiseanna iascaireachta faoi seach atá infheidhme agus é ag oibriú sa Limistéar Rialála.

2. Déanfar speiceas a liostaítear sna deiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm a aicmiú mar fhoghabháil nuair a ghabhfar é i Roinn a bhfuil aon cheann de na cásanna seo a leanas i bhfeidhm:

▼M1

(a) níor sannadh aon chuóta don Aontas maidir leis an stoc sin sa Roinn sin, i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm;

(b) tá cosc ar iascaireacht a dhéanamh ar an stoc áirithe sin (moratóir); nó

▼B

(c) glacadh an cuóta “Eile” iomlán maidir le stoc áirithe, i ndiaidh don Choimisiún fógra a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 6.

3. Déanfaidh máistir an tsoithigh, lena n-áirítear soitheach atá cairtfhostaithe i gcomhréir le hAirteagal 23, a áirithiú go gcuirfear teorainn leis na speicis a aicmeofar mar fhoghabháil choinneáil ar bord an tsoithigh go dtí an t-uasmhéid a shonraítear anseo:

(a) maidir le trosc sa Roinn 3M, le péirse mhara i Ranna 3LN agus le leathóg bhán i Ranna 3NO: 1 250 kg nó 5 %, cibé acu is mó;

▼B

(b) maidir le trosc i Ranna 3NO: 1 000 kg nó 4 %, cibé acu is mó;

(c) i gcás gach stoic eile a liostaítear i ndeiseanna iascaireachta nár sannadh cuóta sonrach don Bhallstát ina thaobh: 2 500 kg nó 10 %, cibé acu is mó;

(d) i gcás a bhfuil cosc ar iascach infheidhme (*moratoria)*, nó i gcás gur glacadh an cuóta "Eile" iomlán a osclaíodh maidir leis an stoc sin: 1 250 kg nó 5 %, cibé acu is mó; agus

(e) an uair a chuirfear cosc ar iascaireacht atá dírithe ar phéirse mhara sa Roinn 3M i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 6(1): 1 250 kg nó 5 %, cibé acu is mó;

(f) agus iascach dírithe á dhéanamh ar iasc de chineál earrbhuí i Ranna 3LNO: 15 % de dhaba gorm; seachas sin, beidh feidhm ag na forálacha gabhála a leagtar amach i bpointe (d).

4. Déantar na srianta agus na céatadáin dá bhforáiltear i mír 3 a áireamh in aghaidh na Roinne mar an gcéatadán, de réir meáchain, i gcás gach stoic de ghabháil iomlán na stoc a liostaítear i ndeiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm a choimeádtar ar bord maidir leis an Roinn sin tráth a ndéantar cigireacht, ar bhonn na bhfigiúr logleabhair iascaireachta.

5. Ní aireofar i ríomh leibhéil fhoghabhála éisc ghrinnill i mír 3 gabhálacha an tséacla Artaigh mar chuid den ghabháil iomlán atá ar bord.

Airteagal 8

Sárú teorainneacha foghabhála in aon dol amháin

1. Déanfaidh máistir an tsoithigh a áirithiú gur fíor an méid seo a leanas i ndáil leis an soitheach:

(a) ní dhéanfaidh sé siad iascach dírithe ar speicis dá dtagraítear in Airteagal 7(2);

(b) comhlíonfaidh sé na ceanglais seo a leanas, i gcásanna, cé is moite d'iascach dhírithe ar an séacla Artach, a dtéann meáchan speicis atá faoi réir theorainneacha foghabhála thar an teorainn is mó dá sonraítear in Airteagal 7(3) in aon dol amháin:

(i) a aistriú gan mhoill 10 muirmhíle ar a laghad ó aon suíomh den tarraingt/cur a bhí ann roimhe sin le linn na tarraingthe/an chuir a leanann é;

(ii) imeacht ón Roinn gan teacht ar ais go ceann 60 uair ar a laghad má théitear thar na teorainneacha foghabhála a shonraítear in Airteagal 7(3) in athuair i ndiaidh na chéad tarraingthe/an chéad chuir iar n-aistriú dó i gcomhréir le pointe (i);

▼B

(iii) tabhairt faoi tharraingt thrialach ar feadh uastréimhse 3 huaire an chloig sula gcuirfidh sé tús le hiascach nua i ndiaidh neamhláithreacht 60 uair an chloig. I gcás inarb ionann na stoic atá faoi réir teorainneacha foghabhála agus an céatadán is mó, de réir meáchain, den ghabháil iomlán a thiocfaidh as sin sa dol, ní mheasfar gur iascach dírithe a bheidh ann i leith na stoc sin, agus ní mór don soitheach a shuíomh a athrú gan mhoill i gcomhréir le pointí (i) agus pointe (ii); agus

(iv) gach tarraingt thrialach a dhéanfar i gcomhréir le pointe (b) a shainaithint agus na comhordanáidí a bhaineann le suímh thosaithe agus deiridh gach tarraingthe triallaí arna déanamh a thaifead sa logleabhar iascaireachta.

2. I gcás iascaireachta dírithe ar an séacla Artach, beidh an t-aistriú dá dtagraítear i bpointí (i) agus (ii) de phointe (b) de mhír 1 infheidhme, i gcás aon dol amháin, má théann cainníocht iomlán stoic an éisc ghrinnill a gabhadh a liostaítear i ndeiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm thar 5 % i Roinn 3M nó 2.5 % i Roinn 3L.

3. Nuair atá soitheach i mbun iascach dírithe ar sciath agus mogallmhéid dleathach aige atá oiriúnach don iascach sin, an chéad uair arb iad gabhálacha stoc a mbaineann teorainneacha foghabhála leo, mar a shonraítear in Airteagal 7(2), an céatadán is mó de réir meáchain den ghabháil iomlán sa dol, áireofar na gabhálacha sin mar ghabháil de thaisme, ach aistreoidh an soitheach gan mhoill mar a shonraítear i mír 1 den Airteagal seo.

4. Déantar céatadán na foghabhála in aon dol amháin a áireamh mar chéatadán, de réir meáchain, gach stoic a liostaítear sna deiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm d'iomlán na gabhála sa tarraingt sin.

Airteagal 9

Séacla Artach

1. Chun críche an Airteagail seo, aireofar mar chuid de Roinn 3M an chuid sin de Roinn 3L a léirítear a teorainneacha leis na línte idir na pointí dá dtagraítear i dTábla 1 agus a léirítear i bhFíor 1(1) de CEM dá dtagraítear i bpointe 6 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Soitheach atá ag iascach an tséacla Artaigh agus speiceas eile le linn an turais chéanna, tarchuirfidh sé tuairisc chuig an gCoimisiún ina bhfógróidh sé an t-athrú iascaigh. Déanfar líon na laethanta iascaireachta a áireamh dá réir sin.

3. Na laethanta iascaireachta dá dtagraítear san Airteagal seo ní bheidh siad inaistrithe idir Páirtithe Chonartha NAFO. Soitheach a bhfuil bratach Pháirtí Conartha NAFO eile ar foluain aige, is i gcomhréir le hAirteagal 23 amháin a fhéadfaidh sé laethanta iascaireachta Pháirtí Conartha NAFO a úsáid.

▼B

4. Ní dhéanfaidh aon soitheach iascaireacht ar an séacla Artach i Roinn 3M idir 00:01 Am Uilíoch Lárnach (AUL) an 1 Meitheamh agus 24:00 AUL an 31 Nollaig sa limistéar faoi mar a thuairiscítear i dTábla 2 agus mar a léirítear i bhFíor 1(2) de CEM dá dtagraítear i bpointe 7 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

5. Déanfar an iascaireacht ar fad ar an séacla Artach i Roinn 3L i ndoimhneacht níos mó ná 200 méadar. Cuirfear srian ar iascaireacht sa Limistéar Rialála suas go dtí limistéar atá soir ó líne a léirítear a teorainneacha leis na comhordanáidí a thuairiscítear i dTábla 3 agus a léirítear i bhFíor 1(3) de CEM dá dtagraítear in bpointe 8 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán.

6. Gach soitheach a rinne iascaireacht ar an séacla Artach sa Roinn 3L, nó na hionadaithe thar a cheann, tabharfaidh siad fógra don údarás inniúil 24 uair ar a laghad roimh ré maidir leis an am a mheasfar a bhainfidh sé an calafort amach mar aon le cainníochtaí measta an séacla Artaigh atá ar bord de réir Roinne.

▼M1

Airteagal 9a

Trosc i Roinn 3M

1. Beidh feidhm ag na bearta rialaithe seo a leanas maidir le soithí ag a bhfuil níos mó ná 1 250 kg de ghabhálacha troisc ó Roinn 3M ar bord:

(a) ní dhéanfaidh soithí a ngabhálacha troisc ó Roinn 3M a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ach amháin i gcalafoirt atá ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 39;

(b) 48 n-uair an chloig ar a laghad roimh an am a mheastar a shroicfidh soitheach an calafort, cuirfidh soitheach nó ionadaí thar a cheann an t-am a mheastar a shroicfidh sé an calafort in iúl don údarás calafoirt inniúil, mar aon le cainníocht mheasta gabhálacha troisc ó Roinn 3M atá á coinneáil ar bord, agus faisnéis maidir leis an Roinn nó na Ranna inar gabhadh aon ghabhálacha eile troisc atá á gcoinneáil ar bord;

(c) déanfaidh gach Ballstát cigireacht ar gach gabháil troisc ó Roinn 3M a thabharfar i dtír nó a thrasloingseofar ina gcalafoirt agus ullmhóidh sé tuarascáil chigireachta san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 9 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus cuirfidh sé chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO í, agus an Coimisiún agus EFCA i gcóip, laistigh de 12 lá oibre ón dáta a cuireadh an chigireacht i gcrích. Sa tuarascáil, déanfar aon sárú ar an Rialachán seo a braitheadh le linn na cigireachta sa chalafort a shainaithint agus soláthrófar sonraí maidir leis. Áireofar inti an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil maidir le sáruithe a braitheadh ar muir le linn thuras reatha an tsoithigh ar a ndearnadh an chigireacht.

2. Déanfaidh gach Ballstát cigireacht ar shoithí ag a bhfuil níos lú ná 1 250 kg de ghabhálacha troisc ó Roinn 3M ar bord ar bhonn bainistithe riosca.

3. Áiritheoidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige go dtraschuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1, chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO gan mhoill chun go ndéanfar í a phostáil ar shuíomh gréasáin MCS.

▼B

Airteagal 10

Haileabó Graonlannach

1. Baineann na bearta seo a leanas le soithí 24 mhéadar nó níos mó ar a bhfad foriomlán atá i mbun iascaireachta san iascach Haileabó Graonlannaigh i bhfolimistéar 2 agus i Ranna 3KLMNO:

(a) déanfaidh gach Ballstát a chuóta a shannadh i measc a chuid soithí údaraithe maidir le haileabó Graonlannach;

(b) is i gcalafort ainmnithe de chuid Pháirtí Conarthach NAFO, agus ansin amháin, a thabharfaidh soitheach údaraithe a ghabháil haileabó Ghraonlannaigh i dtír. Chun na críche sin, ainmneoidh gach Ballstát calafort amháin nó níos mó ina limistéar inar ceadmhach do shoithí údaraithe haileabó Graonlannach a thabhairt i dtír;

▼M1

(c) seolfaidh gach Ballstát chuig an gCoimisiún ainm gach calafoirt atá ainmnithe aige dá réir sin agus déanfaidh an Coimisiún é a tharchur chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO. Gach athrú a dhéanfar ar an liosta ina dhiaidh sin, fógrófar go gcuirfear é in ionad an tseanliosta tráth nach lú ná 20 lá roimh theacht i bhfeidhm don athrú;

▼B

(d) soitheach atá údaraithe nó ionadaí thar a cheann, cuirfidh sé in iúl d'údarás inniúil rialaithe iascach calafoirt an t-am a mheastar a bhainfidh sé an calafort amach, cainníocht iomlán measta haileabó Graonlannaigh atá á coinneáil ar bord, agus faisnéis maidir leis an Roinn nó leis na Ranna inar gabhadh na gabhálacha, agus cuirfear sin in iúl 48 uair ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfidh an soitheach an calafort amach;

▼M1

(e) déanfaidh gach Ballstát cigireacht ar gach gabháil haileabó Graonlannach a thabharfar i dtír ina gcalafoirt agus cuirfidh sé tuarascáil chigireachta i dtoll a chéile san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 9 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus cuirfidh sé chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO í leis an gCoimisiún agus EFCA i gcóip, laistigh de 14 lá oibre ón dáta a cuireadh an chigireacht i gcrích. Sa tuarascáil, déanfar gach sárú ar an Rialachán seo a braitheadh le linn na cigireachta a shainaithint agus tabharfar ar láimh sonraí ina thaobh. Cuirfear sa tuairisc an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil maidir le sáruithe a braitheadh ar muir le linn thuras reatha an tsoithigh iascaireachta ar a ndearnadh an chigireacht.

▼B

2. Tá na nósanna imeachta seo a leanas infheidhme maidir le soithigh údaraithe atá ag dul isteach sa Limistéar Rialála chun iascaireacht a dhéanamh ar haileabó Graonlannach agus a bhfuil níos mó ná 50 tona de réir bheomheáchan den gabháil iomlán ar bord ar gabhadh í lasmuigh den Limistéar Rialála:

▼M2

(a) tabharfaidh máistir an tsoithigh fógra do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO agus dá Lár-Ionad Faireacháin Iascaigh brataí le ríomhphost nó ar fhacs, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig sula rachaidh an soitheach isteach sa Limistéar Rialála, faoi mhéid na gabhála ar bord, an suíomh ina bhfuil sé beartaithe ag máistir an tsoithigh tús a chur leis an iascaireacht de réir domhanleithid agus domhanfhaid, an t-am a mheastar a shroichfidh sé an suíomh sin, agus sonraí teagmhála an tsoithigh iascaireachta (mar shampla, raidió, guthán satailíte nó ríomhphost);

▼B

(b) soitheach cigireachta a bhfuil sé beartaithe aige cigireacht a dhéanamh ar shoitheach iascaireachta sula dtosaíonn sé ar iascaireacht a dhéanamh ar haileabó Graonlannach, cuirfidh sé in iúl don soitheach iascaireachta sin agus do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO comhordanáidí phointe cigireachta ainmnithe nach bhfuil níos mó ná 60 muirmhíle ar shiúl ón suíomh a mheasann máistir an tsoithigh a chuirfidh an soitheach tús leis an iascaireacht agus cuirfidh an soitheach cigireachta sin in iúl do shoithigh cigireachta eile a d'fhéadfadh a bheith ag oibriú sa Limistéar Rialála dá réir;

(c) soitheach iascaireachta ar tugadh fógra dó i gcomhréir le pointe (b), déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(i) rachaidh sé go dtí an pointe cigireachta ainmnithe; agus

(ii) áiritheoidh sé go gcomhlíontar ceanglais Airteagal 25(5) leis an bplean stuála don ghabháil ar bord ar dhul isteach sa Limistéir Rialála agus go gcuirfear ar fáil do chigirí é arna iarraidh sin dóibh;

(d) ní cheadmhach do shoitheach iascaireachta tús a chur le hiascaireacht sula ndéanfar cigireacht air i gcomhréir leis an Airteagal seo, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

▼M1

(i) ní fhaigheann sé deimhniú laistigh de 72 uair an chloig ón am a tharchuir sé an fógra i gcomhréir le pointe (a); nó

▼B

(ii) níor chuir an soitheach cigireachta tús leis an gcigireacht atá beartaithe laistigh de 3 huaire an chloig ón am a shroich an soitheach iascaireachta an pointe cigireachta ainmnithe.

3. Tá cosc ar ghabhálacha haileabó Ghraonlannaigh a thabhairt i dtír ag soithigh de chuid Páirtí neamhChonarthaigh iar ndul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta dóibh sa Limistéar Rialála.

Airteagal 11

Scuid

Beidh toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar scuid idir 00:01 AUL an 1 Eanáir agus 24:00 AUL an 30 Meitheamh i bhFolimistéar 3 agus Folimistéar 4.

Airteagal 12

Caomhnú agus Bainistiú siorcanna

1. Déanfaidh na Ballstáit na nithe seo a leanas: gach gabháil siorcanna a thuairisciú, lena n-airítear na sonraí stairiúla atá ar fáil, i gcomhréir le nósanna imeachta tuairiscithe maidir le gabháil agus iarracht iascaireachta mar a leagtar síos in Airteagal 25.

2. I gcás gach dola ina bhfuil siorc beagcheannach, taifeadfaidh breathnóirí líon, meáchan measta agus an fad a tomhaiseadh (fad measta murar féidir an fad a thomhas) in aghaidh an dola nó an cur, inscne, agus diúscairt gabhála (beo, marbh nó ní fios) gach siorca beagcheannaigh aonair.

3. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) eití a bhaint de shiorcanna ar bord soithigh;

▼B

(b) eití siorca ar baineadh den chonablach a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír.

4. Gan dochar do mhír 1, agus d'fhonn stóráil ar bord a éascú, féadfar eití an tsiorca a shliseadh gan iad a scoitheadh agus iad a fhilleadh le hais an chonablaigh.

5. Eití ar baineadh iad de shárú ar an Airteagal seo, ní choinneoidh soitheach iascaireachta ar bord iad, ná ní dhéanfaidh sé iad a thrasloingsiú, ná iad a thabhairt i dtír.

6. I gcás iascaigh nach bhfuil dírithe ar shiorcanna, iarrfaidh gach Ballstát ar gach soitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aige siorcanna nach bhfuil siad chun a úsáid mar bhia nó mar chothú a scaoileadh san fharraige ina mbeatha, siorcanna óga go háirithe.

7. I gcás inar féidir, déanfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas:

(a) dul i mbun taighde chun teacht ar bhealaí le trealamh iascaireachta a dhéanamh níos roghnaithí ar mhaithe le siorcanna a chosaint;

(b) taighde a dhéanamh ar pharaiméadair ríthábhachtacha bhitheolaíochta agus éiceolaíochta, ar bheatha agus gnéithe iompair phríomhspeiceas siorcanna, chomh maith le limistéir a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ina meánna le haghaidh cúplála, pór a bhreith agus iasclann.

8. Cuirfidh na Ballstáit torthaí an taighde sin ar fáil don Choimisiún, agus tarchuirfear é chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

▼M1

9. Cuirfear cosc ar iascaireacht spriocdhírithe ar an siorc beagcheannach (*Somniosus microcephalus*) sa Limistéar Rialála.

10. Déanfaidh soithigh iascaireachta a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu gach iarracht réasúnta gabháil de thaisme agus básmhaireacht a íoslaghdú, agus, i gcás ina bhfuil siad ina mbeatha, na siorcanna beagcheannacha a scaoileadh saor ar bhealach a ndéanfaidh a laghad díobháil is féidir dóibh.

▼B

Airteagal 13

Mogallmhéideanna

▼M1

1. Chun críche an Airteagail seo, déanfar mogallmhéid a thomhas i gcomhréir le hIarscríbhinn III.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 10 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼B

2. Ní dhéanfaidh soitheach iascaireacht le heangach a bhfuil mogallmhéid níos lú ná an mogallmhéid a leagtar síos maidir leis na speicis seo a leanas:

▼M1

(a) 40 mm le haghaidh séaclaí, cloicheáin (PRA) san áireamh.

▼B

(b) 60 mm do scuid ghearreiteach (SQI);

(c) 280 mm sa shoc-fhoirceann agus 220 mm i ngach cuid den trál le haghaidh scáta (SKA);

(d) 130 mm do gach iasc grinnill eile, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I.C a ghabhann le CEM, dá dtagraítear i bpointe 11 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(e) 100 mm do *Sebastes mentella* peilleagach (REB) i bhfolimistéar 2 agus Roinn 1F agus Roinn 3K; agus

(f) 90 mm do phéirse mhara (RED) san iascach le trál meánuisce i Roinn 3O, 3M agus 3LN.

3. Soitheach atá i mbun iascaireachta ar speiceas dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a bhfuil eangacha ar bord aige ar mhogallmhéid atá níos lú ná an mogallmhéid a shonraítear sa mhír sin, áiritheoidh sé go bhfuil na heangacha sin feistithe go daingean agus curtha i dtaisce agus nach bhfuil fáil gasta orthu le linn na hiascaireachta sin.

4. Ceadófar, áfach, do shoitheach atá i mbun iascach dírithe ar speiceas seachas na speicis a luaitear i mír 2 den Airteagal seo, ceadófar dó speicis rialaithe a ghabháil le heangacha ar mhogallmhéid atá níos lú ná an mogallmhéid a shonraítear sa mhír sin, ar choinníoll go bhfuil na ceanglais foghabhála a leagtar síos in Airteagal 7(3) á gcomhlíonadh.

Airteagal 14

Ceangaltáin a úsáid agus trealamh a mharcáil

1. Is ceadmhach téada neartaithe, strapaí scartha agus bleaindí soc-fhoircinn a úsáid ar thráil, a fhad is nach ndéanann na ceangaltáin sin an mogall údaraithe a shrianú ná nach mbíonn siad ina mbaic ar bhéal an mhogaill.

2. Ní úsáidfidh aon soitheach modh nó gaireas a chuirfidh bac ar mhogallmhéideanna nó a mbeidh sé d'éifeacht acu mogallmhéid a laghdú. Mar sin féin, gaireas a gcuirtear síos air in Iarscríbhinn III.B. Maidir le Maolairí Uachtair/Slabhraí Scoránaithe Séacla údaraithe CEM, dá dtagraítear i bpointe 12 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, ceadófar do shoithí an gaireas sin a cheangail le taobh uachtair an shoc-fhoircinn ar shlí nach gcuireann sé bac ar mhogaill an shoc-fhoircinn, píosa sínidh san áireamh más ann dó. Ní fhéadfar canbhás, eangach, nó ábhar eile a cheangail le taobh íochtair shoc-fhoircinn eangaí ach amháin a mhéid is gá chun damáiste don shoc-fhoirceann a chosc nó a laghdú.

3. Soithí atá ag iascach an tséacla Artaigh i Roinn 3L nó Roinn 3M, úsáidfidh siad greillí sórtála nó grátaí nach mó ná 22 mm an spás idir a barraí.Soithí atá ag déanamh iascaireachta ar shéacla Artaigh i Roinn 3L, beidh slabhraí scoránaithe nach lú ná 72 cm a bhfad mar a thomhaistear i gcomhréir le hIarscríbhinn III.B a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 12 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼M1

3a. Soithí iascaireachta a bhfuil iascach tráil spriocdhírithe ar throisc i Roinn 3M á seoladh acu, bainfidh siad úsáid as greille shórtála nach mó an spás idir na barraí atá inti ná 55 mm chun laghdú a dhéanamh ar ghabhálacha na n-eiseamal troisc níos lú. Coiméadfar an ghreille shórtála sa phainéal uachtair ar thaobh an tráil os comhair an tsoic-fhoircinn.

▼B

4. I gcás iascaireachta sna limistéir dá dtagraítear in Airteagal 18(1), ní cheadófar ach trál meánuisce a úsáid.

5. Ní cheadmhach do shoithí iascaireachta na bearta seo a leanas a dhéanamh:

(a) trealamh a úsáid nach bhfuil marc air i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta a bhfuil glactha leo go ginearálta, go háirithe Coinbhinsiún 1967 um Stiúradh Oibríochtaí Iascaireachta san Atlantach Thuaidh; nó

(b) baoi marcála nó ní den chineál céanna a chur ar snámh ar bharr an uisce chun suíomh trealaimh iascaireachta fheisithe a léiriú gan uimhir chlárúcháin an tsoithigh a bheith ar taispeáint air.

Airteagal 15

Trealamh iascaireachta caillte nó ligthe le sruth, trealamh iascaireachta a bhailiú

1. Déanfaidh máistir an tsoithigh a bhíonn ag iascaireacht sa Limistéar Rialála mar a leanas:

(a) beidh feistis ar bhord an tsoithigh iascaireachta aige chun trealamh caillte a bhailiú;

(b) má tá an trealamh nó cuid de caillte, déanfaidh sé gach iarracht réasúnta é a fháil ar ais a luaithe agus is féidir; agus

(c) ní ligfidh sé trealamh iascaireachta le sruth d'aon turas, seachas ar chúiseanna sábháilteachta.

2. Murar féidir an trealamh caillte a fháil ar ais, cuirfidh máistir an tsoithigh an méid seo a leanas in iúl don Bhallstát brataí laistigh de 24 uair an chloig:

(a) ainm agus comhartha aitheantais an tsoithigh;

(b) an cineál trealaimh atá caillte;

(c) an méid trealaimh atá caillte;

(d) an t-am a cailleadh an trealamh;

(e) an suíomh ar cailleadh an trealamh; agus

(f) na bearta a rinne an soitheach chun an trealamh caillte a fháil ar ais.

3. Tar éis an trealamh caillte a fháil ar ais, cuirfidh máistir an tsoithigh an méid seo a leanas in iúl don Bhallstát bratach laistigh de 24 uair an chloig:

(a) ainm agus comhartha aitheantais an tsoithigh a fuair an trealamh ar ais;

▼B

(b) ainm agus comhartha aitheantais an tsoithigh a chaill an trealamh (más eol é);

(c) an cineál trealaimh a fuarthas ar ais;

(d) an méid trealaimh a fuarthas ar ais;

(e) an t-am a fuarthas an trealamh ar ais; agus

(f) an suíomh ar a bhfuarthas an trealamh ar ais.

4. An fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3, cuirfidh an Ballstát in iúl don Choimisiún í gan mhoill agus déanfar í a tharchur chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

Airteagal 16

Ceanglais maidir le híosmhéid an éisc

1. Ní choinneofar ar bord soithigh iasc níos lú ná an t-íosmhéid arna bhunú i gcomhréir le hIarscríbhinn I.D a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 13 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus scaoilfear ar ais san fharraige gan mhoill gach iasc den chineál sin.

2. Iasc próiseáilte ar lú a fhad ná an choibhéis ó thaobh faid de a leagtar síos don speiceas sin in Iarscríbhinn I.D a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 13 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, measfar gurb as iasc atá níos lú ná an t-íosmhéid a leagtar amach don speiceas sin a tháinig sé.

3. I gcás inar mó líon na n-iasc ró-bheag in aon dol amháin ná 10 % de líon iomlán na n-iasc sa dol sin, fanfaidh an soitheach, i rith a chéad tarraingthe eile, achar íosta 5 mhuirmhíle amach ó shuíomh an tarraingthe roimhe sin.

CAIBIDIL III

VMEnna SA LIMISTÉAR RIALÁLA A CHOSAINT Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA GRINNILL

Airteagal 17

Léarscáil loirg (limistéir iascaireachta grinnill sheanbhunaithe)

Tá léarscáil na limistéar iascaireachta grinnill seanbhunaithe sa limistéar rialála a léirítear i bhFíor 2 de CEM dá dtagraítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo teoranta ar an taobh thiar ag teorainn Chrios Eacnamaíoch Eisiach Cheanada agus ar an taobh thoir ag na comhordanáidí a léirítear i dTábla 4 de CEM dá dtagraítear i bpointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼M1

Airteagal 18

Srianta limistéar maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill

1. ►M2 Go dtí an 31 Nollaig 2026 ◄, ní rachaidh aon soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill in aon cheann de na limistéir a léirítear i bhFigiúr 3 de CEM dá dtagraítear i bpointe 14 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 5 de CEM dá dtagraítear i bpointe 15 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a cheangal ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1.

2. ►M2 Go dtí an 31 Nollaig 2026 ◄, ní rachaidh aon soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i limistéar Roinn 3O mar a léirítear i bhFigiúr 4 de CEM dá dtagraítear i bpointe 16 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus mar a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 6 de CEM dá dtagraítear i bpointe 17 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a cheangal ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1.

3. ►M2 Go dtí an 31 Nollaig 2026 ◄, ní rachaidh aon soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i limistéir 1-13 mar a léirítear i bhFigiúr 5 de CEM dá dtagraítear i bpointe 18 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus mar a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 7 de CEM dá dtagraítear i bpointe 19 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a cheangal ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1.

▼M2

4. Go dtí an 31 Nollaig 2023, ní bheidh gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill ar siúl ag aon soitheach sna limistéir a léirítear i bhFíor 5 agus a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 7b a cheangal ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1 dá dtagraítear i bpointe 46 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼B

Airteagal 19

Gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha

1. Beidh gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha faoi réir réamhthaiscéalaíocht a dhéanfar i gcomhréir leis an bprótacal taiscéalaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 20 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Ballstáit ar mian lena chuid soitheach dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha, déanfaidh siad na nithe seo a leanas chun críche an mheastacháin:

(a) “Fógra go bhfuil rún tabhairt faoi iascaireacht grinnill taiscéalaíoch” a thabhairt don Choimisiún i gcomhréir le hIarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 21 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, in éineacht leis an measúnú a cheanglaítear faoi Airteagal 20(1);

(b) “Tuarascáil ar Thuras Iascaireachta Grinnill Taiscéalaíoch” a thíolacadh don Choimisiún i gcomhréir le hIarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 22 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, laistigh de 2 mhí ón dáta a chríochnófar na gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha.

3. Déanfaidh máistir an tsoithigh mar a leanas:

(a) gan tús a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha ach amháin nuair atá údarú acu i gcomhréir leis na bearta caomhnúcháin agus bainistithe arna nghlacadh ag Coimisiún NAFO ar mhaithe le cur i gcoinne an dochair a dhéanfaí do ghníomhaíochtaí iascaireachta taiscéalaíocha ar VMEnna;

▼B

(b) breathnóir eolaíoch a bheith ar bord le linn na tréimhse a bhfuil an ghníomhaíocht iascaireachta grinnill taiscéalaíoch á déanamh.

Airteagal 20

Réamh-mheasúnú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha atá á mbeartú

1. Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha, cuirfidh sé isteach, mar thaca lena thogra, réamh-mheasúnú ar an tionchar aitheanta agus ar an tionchar réamh-mheasta a imreofar ar VMEnna leis an ngníomhaíocht iascaireachta grinnill a bheidh ar bun ag na soithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu.

2. Maidir leis an réamh-mheasúnú dá dtagraítear i mír 1:

(a) seolfar chuig an gCoimisiún é tráth nach lú ná seachtain amháin roimh thús an chruinnithe a bheidh ag Comhairle Eolaíochta NAFO i mí Meithimh;

(b) tabharfar aghaidh ann ar na heilimintí lena ndéanfar measúnú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha atá á mbeartú i gcomhréir le hIarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 23 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán.

Airteagal 21

Teagmháil le speicis tháscacha VME

1. Déantar teagmháil le speicis tháscacha VME a shainmhíniú mar ghabháil in aghaidh an chuir (mar shampla. tarraingt tráil, cur spiléir, nó cur geolbhaigh) níos mó ná 7 kg peann mara agus nó/60 kg coiréalaigh bheo agus nó/300 kg spúinsí.

2. Cuirfidh gach Ballstát de cheangal ar mháistrí soithí a bhfuil a bhratach r foluain acu agus atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill sa Limistéar Rialála go ndéanfaidh siad gabháil speiceas táscach VME a chainníochtú, i gcás ina dtiocfar, le linn oibríochtaí iascaireachta, ar fhianaise gur speiceas táscach atá ann VME, i gcomhréir le hIarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. I gcás speicis tháscaigh VME arna ghabháil le linn na n-oibríochtaí iascaireachta dá dtagraítear i mír 2 (amhail tarraingt tráil, nó cur geolbhaigh nó cur spiléir) a sháraíonn an tairseach a shainítear i mír 1, déanfaidh máistir an tsoithigh na bearta seo a leanas:

(a) an teagmháil a thuairisciú gan mhoill d'údarás inniúil an Bhallstáit Bhrataí, lena n-áireofar an suíomh a thugann an soitheach uaidh, pointe deiridh an tarraingthe nó pointe deiridh an chuir nó ceachtar acu, suíomh eile arb é an pointe is cóngaraí é don suíomh beacht teagmhála, ainm an speicis tháscaigh VME atá ann, agus cainníocht (kg) an speicis táscaigh VME atá ann; agus

▼B

(b) scoirfidh sé láithreach den iascaireacht agus imeoidh ar a laghad 2 mhuirmhíle ar shiúl ó phointe deiridh an tarraingthe/an chuir agus sa treo is lú dóchúlacht tuilleadh teagmhála a theacht dá dheasca. Déanfaidh máistir an tsoithigh an cinneadh is ciallmhaire agus is féidir agus é sin bunaithe ar gach uile fhoinse faisnéise atá ar fáil.

4. Ceanglóidh gach Ballstát go seolfar breathnóir a bhfuil saineolas leordhóthanach aige chuig an suíomh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 19(3) maidir leis na limistéir laistigh den lorg agus déanfaidh seisean na nithe seo a leanas:

(a) coiréalaigh, spúinsí agus orgánaigh eile a shainaithint go dtí an leibhéal tacsanomaíoch is ísle dá bhfuil ann, ag baint úsáide dó as an "bhFoirm Tiomsaithe Sonraí maidir le hIascach Taiscéalaíoch" i gcomhréir le hIarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 24 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo; agus

(b) torthaí na sainaitheanta sin a thíolacadh do mháistir an tsoithigh chun an cainníochtú dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a éascú;.

5. Déanfaidh gach Ballstát na nithe seo a leanas:

(a) an fhaisnéis maidir leis an teagmháil a tuairiscigh máistir an tsoithigh don Choimisiún a chur ar aghaidh má sháraíonn an chainníocht an speicis tháscaigh VME ar gabhadh é in oibríocht iascaireachta (amhail tarraingt tráil, nó cur geolbhaigh nó cur spiléir), má sháraíonn sin an tairseach a shainmhínítear i mír 1;

(b) foláireamh a thabhairt gan mhoill faoin teagmháil do na soithí ar fad a bhfuil a bhratach ar foluain acu; agus,

(c) cosc sealadach a chur laistigh de dhá mhíle mórthimpeall aon suíomh ar tuairiscíodh gur tharla teagmháil VME lasmuigh den lorg arna fhógairt sin ag an gCoimisiún.

Féadfaidh an Coimisiún limistéir a bhfuil cosc sealadach orthu a athoscailt ar fhógra a fháil ó NAFO.

CAIBIDIL IV

CEANGLAIS AR SHOITHÍ AGUS CAIRTFHOSTÚ

Airteagal 22

Ceanglais cháilíochta

1. Déanfaidh gach Ballstát an méid seo a leanas a fhógairt don Choimisiún trí mheán leictreonach:

(a) liosta na soithí dá chuid a bhfuil a bhratach ar foluain acu a d'fhéadfadh sé a údarú chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sa Limistéar Rialála ("soitheach arna chur ar an eolas"), san fhormáid a leagtar síos in Iarscríbhinn II.C1 a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 25 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) aon soitheach a bhaintear de liosta na soithí arna gcur ar an eolas, gan mhoill, san fhormáid a leagtar síos in Iarscríbhinn II.C2 a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 26 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼B

2. Ní ligfear do shoitheach iascaireachta gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sa Limistéar Rialála ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) liostaítear é mar shoitheach arna chur ar an eolas;

(b) eisíodh uimhir IMO dó; agus.

(c) d'eisigh an Ballstát brataí údarú dó leis na gníomhaíochtaí iascaireachta sin a dhéanamh (“soitheach údaraithe”).

3. Ní dhéanfaidh aon Bhallstát soitheach iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige a údarú chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sa Limistéar Rialála ach amháin i gcás inar acmhainn dó a ndualgais Stáit brataí a chomhlíonadh go héifeachtach maidir leis an soitheach sin.

4. Déanfaidh gach Ballstát líon na soithí údaraithe agus a n-iarracht iascaireachta a bhainistiú i dtreo ina dtabharfar aird chuí ar dheiseanna iascaireachta atá ar fáil don Bhallstát sin sa Limistéar Rialála.

5. Déanfaidh gach Ballstát an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún trí mheán leictreonach:

(a) an t-údarú leithleach a bhaineann le gach soitheach ar liosta na soithí arna gcur ar an eolas a d'údaraigh an Ballstát chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sa Limistéar Rialála (“soitheach údaraithe”), san fhormáid a shonraítear in Iarscríbhinn II.C3 a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 27 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus tráth nach déanaí ná 40 lá roimh thús ghníomhaíochtaí iascaireachta na bliana féilire;

Go háirithe, sainaithneofar i ngach údarú dátaí tosaigh agus dátaí deiridh bailíochta agus, an speiceas lena gceadófar iascaireacht dhírithe a dhéanamh air, mura ndíolmhaítear iad in Iarscríbhinn II.C3 a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 27 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Más é atá beartaithe ag an soitheach iascaireacht a dhéanamh ar speicis rialaithe dá dtagraítear i ndeiseanna iascaireachta atá i bhfeidhm, is don stoc a thagróidh an tsainaithint, i gcás ina bhfuil an speiceas rialaithe luaite leis an limistéar lena mbaineann;

(b) fionraí an údaraithe, san fhormáid arna leagan síos in Iarscríbhinn II.C4 a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 28 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, gan mhoill, i gcás ina mbaintear an t-údarú lena mbaineann nó i gcás modhnaithe ar bith ar a ábhar má tharlaíonn an modhnú le linn na tréimhse bailíochta;

(c) údarú ar cuireadh ar fionraí é a atosú, agus an méid sin a tharchur i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointe (a).

6. Déanfaidh gach Ballstát a áirithiú go mbeidh an t-údarú ag teacht leis an tréimhse deimhniúcháin maidir le deimhniú an phlean acmhainneachta dá dtagraítear i mír 10 agus mír 11.

7. Beidh marcanna ar gach soitheach a shainaithneofar go héasca i gcomhréir le caighdeáin a bhfuil glactha leo go hidirnáisiúnta, amhail Sonraíochtaí Caighdeánacha FAO maidir le Marcáil agus Sainaithint Soithí Iascaireachta.

▼B

8. Ní oibreoidh aon soitheach iascaireachta sa Limistéar Rialála gan a bheith ar bord aige doiciméid bhailí reatha a eiseoidh údarás inniúil an Bhallstáit Bhrataí, ina leagfar amach na sonraí seo a leanas ar a laghad maidir leis an soitheach:

(a) a ainm, más ann;

(b) litir (litreacha) an chalafoirt nó an dúiche ina bhfuil sé cláraithe, más ann;

(c) uimhir/uimhreacha clárúcháin an tsoithigh;

(d) an uimhir IMO;

(e) a chomhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió, más ann dó;

(f) ainmneacha agus seoltaí an úinéara/na n-úinéirí agus, i gcás inarb infheidhme, na cairtfhostóirí;

(g) fad iomlán an tsoithigh;

(h) cumhacht innill an tsoithigh;

(i) an plean acmhainneachta dá dtagraítear i mír 10; agus

(j) measúnú ar acmhainneacht reo nó deimhniú chóras cuisnithe.

9. Ní dhéanfaidh soitheach iascaireachta gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar Rialála gan plean acmhainneachta a bheith ar bord, arna dheimhniú ag údarás inniúil nó aitheanta ag a Bhallstát brataí.

10. Maidir leis an bplean acmhainneachta:

(a) is i bhfoirm líníochta a bheidh sé nó i bhfoirm tuairisc ar a áit stórála éisc, lena n-áireofar acmhainneacht stórála gach áit stórála éisc i méadar ciúbach agus is fadghearradh den soitheach a bheidh sa líníocht, lena n-áireofar plean gach deice mar a bhfuil áit stórála éisc agus léireofar na háiteanna a bhfuil na reoiteoirí;

(b) léireofar ann go háirithe suíomh aon dorais, haiste agus bealach isteach eile chuig na háiteanna stórála éisc, agus déanfar tagairt do na bulcaidí;

(c) léireofar ann príomhthoisí na n-umar stórála éisc (umair sáile cuisnithe) agus, i ngach cás, an calabrúchán i méadair chiúbacha ar eatraimh 10 cm; agus

(d) léireofar go soiléir an fíorscála sa líníocht.

11. Déanfaidh gach Ballstát a áirithiú, gach dhá bhliain, go ndeimhneoidh an t-údarás inniúil plean acmhainneachta a gcuid soitheach údaraithe a bheith ceart.

▼M1

Airteagal 23

Socruithe maidir le cairtfhostú

1. Chun críche an Airteagail seo, tagraíonn “Páirtí Conarthach um chairtfhostú” do Pháirtí Conarthach a bhfuil leithdháileadh ina sheilbh aige mar a léirítear in Iarscríbhinn I.A agus in Iarscríbhinn I.B a ghabhann le CEM, nó an Ballstát a bhfuil leithdháileadh deiseanna iascaireachta ina sheilbh aige, agus tagraíonn “Páirtí Conarthach Stáit brataí” don Pháirtí Conarthach nó don Bhallstát ina bhfuil an soitheach cairtfhostaithe cláraithe.

2. Is féidir leithdháileadh iomlán iascaireachta Pháirtí Chonarthaigh um chairtfhostú nó cuid de a shaothrú trí shoitheach údaraithe cairtfhostaithe a úsáid (“soitheach cairtfhostaithe”) a bhfuil bratach Pháirtí Chonarthaigh eile ar foluain air, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) thoiligh an Páirtí Conarthach Stáit brataí i scríbhinn leis an socrú maidir le cairtfhostú;

(b) beidh an socrú maidir le cairtfhostú teoranta d’aon soitheach iascaireachta amháin in aghaidh an Pháirtí Chonarthaigh Stáit brataí in aon bhliain féilire;

(c) ní mhaireann na hoibríochtaí iascaireachta faoin socrú maidir le cairtfhostú níos mó ná 6 mhí san iomlán in aon bhliain féilire; agus

(d) an soitheach atá cairtfhostaithe, níor sainaithníodh é roimhe seo mar shoitheach a chuaigh i mbun iascaireacht NNN.

3. Gach gabháil agus foghabháil ar ghabh an soitheach cairtfhostaithe í i gcomhréir leis an socrú maidir le cairtfhostú, fágfar an fhreagracht a ghabhann leo faoin bPáirtí Conarthach um chairtfhostú.

4. Ní údaróidh Páirtí Conarthach an Stáit brataí an soitheach cairtfhostaithe, le linn dó oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh faoin socrú maidir le cairtfhostú, iascaireacht a dhéanamh ar aon cheann de leithdháiltí Pháirtí Conarthach an Stáit brataí sin nó faoi chairtfhostú eile ag an am céanna.

5. Ní ceadmhach trasloingsiú ar muir a dhéanamh gan údarú roimh ré ón bPáirtí Conarthach um chairtfhostú, a áiritheoidh go ndéanfar é faoi mhaoirseacht breathnóra atá ar bord.

6. Tabharfaidh an Páirtí Conarthach Stáit brataí fógra do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO i scríbhinn sula gcuirfear tús leis an socrú maidir le cairtfhostú go dtoilíonn sé don socrú maidir le cairtfhostú agus cóip den fhógra a d’eisigh Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO ina bhfuil sonraí an chairtfhostaithe a thíolacadh don soitheach cairtfhostaithe.

6a. I gcás ina bhfuil an soitheach cairtfhostaithe ina shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais, tabharfaidh an Ballstát brataí fógra don Choimisiún i scríbhinn sula gcuirfear tús leis an socrú maidir le cairtfhostú. I gcás ina measann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha a leagtar síos in CEM, tabharfaidh sé fógra do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO faoin toiliú i ndáil leis an socrú maidir le cairtfhostú.

▼M1

6b. Roimh an dáta ar a mbeidh éifeacht leis an socrú maidir le cairtfhostú, tíolacfaidh an Páirtí Conarthach um chairtfhostú an fhaisnéis seo a leanas i scríbhinn do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO agus don soitheach cairtfhostaithe a choinneoidh cóip de ar bord gach tráth:

(a) ainm, clárúchán Stáit brataí, uimhir IMO agus Stát brataí an tsoithigh;

(b) ainm nó ainmneacha agus Stát brataí nó Stáit brataí an tsoithigh a bhí ann roimhe, i gcás inarbh ann;

(c) ainmneacha agus seoltaí na n-úinéirí agus oibreoirí an tsoithigh;

(d) cóip an tsocraithe maidir le cairtfhostú agus aon údarú iascaireachta nó ceadúnas arna eisiúint ag an bPáirtí Conarthach um chairtfhostú don soitheach cairtfhostaithe; agus

(e) an leithdháileadh arna shannadh don soitheach.

6c. I gcás inarb é an tAontas an Páirtí Conarthach um chairtfhostú, cuirfidh an Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6b in iúl don Choimisiún sula mbeidh feidhm ag an socrú maidir le cairtfhostú. I gcás ina measann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha a leagtar síos i CEM, tarchuirfidh sé an fhaisnéis chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

7. I gcás ina bhfuil an soitheach cairtfhostaithe ina shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais, tabharfaidh an Ballstát brataí fógra don Choimisiún láithreach tráth a tharlaíonn aon cheann de na teagmhais seo a leanas:

(a) tús a bheith curtha le hoibríochtaí iascaireachta faoin socrú maidir le cairtfhostú;

(b) oibríochtaí iascaireachta a bheith curtha ar fionraí faoin socrú maidir le cairtfhostú;

(c) atosú oibríochtaí iascaireachta faoi shocrú maidir le cairtfhostú ar cuireadh ar fionraí é;

(d) deireadh oibríochtaí iascaireachta faoin socrú maidir le cairtfhostú.

8. Coinneoidh an Páirtí Conarthach Stáit brataí taifead leithleach ar shonraí gabhála agus foghabhála ar toradh oibríochtaí iascaireachta iad i gcomhréir le cairtfhostú gach soithigh atá faoina bhratach agus tabharfaidh siad tuairisc orthu don Choimisiún a tharchuirfidh sé chuig an bPáirtí Conarthach um chairtfhostú agus chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

▼B

CAIBIDIL V

FAIREACHÁN AR IASCACH

Airteagal 24

Ceanglais maidir le lipéadú táirgí

1. Nuair a phróiseáiltear iad, déanfar gach speiceas arna shaothrú sa Limistéar Rialála a lipéadú i dtreo is gur so-aitheanta iad gach speiceas agus catagóir táirgí. Ní mór gach speiceas a lipéadú trí na sonraí seo a leanas a úsáid:

▼B

(a) ainm an tsoithigh ghabhála;

(b) cód 3 *Alfa* gach speicis mar a liostaítear in Iarscríbhinn I.C a ghabhann le CEM, dá dtagraítear i bpointe 11 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) i gcás an tséacla Artaigh, an dáta gabhála;

(d) limistéar Rialála agus Roinn na hiascaireachta; agus

(e) cód tíolactha na foirme táirge mar a liostaítear in Iarscríbhinn II.K a ghabhann le CEM, dá dtagraítear i bpointe 29 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Déanfar lipéid a ghreamú go daingean, a stampáil nó a scríobh ar phacáistiú agus é á stuáil agus beidh na lipéid mór a ndóthain le gur féidir le cigirí iad a léamh agus iad i ngnáthchúrsa a gcuid dualgas.

3. Déanfar lipéid a mharcáil le dúch atá i gcodarsnacht leis an gcúlra.

4. Ní bheidh i ngach pacáiste ach an méid seo a leanas:

(a) catagóir amháin foirme táirge;

(b) Roinn amháin gabhála;

(c) dáta gabhála amháin (i gcás an tséacla Artaigh); agus

(d) speiceas amháin.

Airteagal 25

Faireachán ar ghabháil

1. Chun críche faireachán a dhéanamh ar ghabháil, beidh logleabhar iascaireachta, logleabhar táirgeachta agus plean stuála gach soitheach chun gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar Rialála a thaifead:

2. Déanfaidh gach soitheach a logleabhar iascaireachta a nuashonrú go rialta agus coinneofar ar bord é ar feadh 12 mí ar a laghad i gcomhréir le hIarscríbhinn II.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 30 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus:

▼M1

(a) go gcoinneofar ann taifead cruinn ar gach tarraingt/cur de réir Ranna;

▼B

(b) go léireofar ann diúscairt ghabháil gach tarraingthe/cuir, lena n-áirítear méid (in kg, a bheomheáchan) gach stoic arna choinneáil ar bord, arna chaitheamh i leataobh, arna dhíluchtú, nó arna thrasloingsiú le linn an turais iascaireachta reatha.

3. Déanfaidh gach soitheach iascaireachta logleabhar táirgeachta a nuashonrú go rialta agus coinneofar ar bord é ar feadh 12 mí ar a laghad agus:

(a) déanfar taifead ann ar an táirgiúlacht charnach laethúil maidir le gach speiceas agus gach cineál táirge in kg don lá roimhe sin ó 00:01 AUL go dtí 24:00 AUL;

▼M1

(b) go ndéanfar taifead ar an táirgiúlacht maidir le gach speiceas agus gach cineál táirge de réir Ranna;

▼B

(c) liostófar ann na fachtóirí coinbhéartachta a úsáidtear chun meáchan táirgeachta gach cineál táirge a choinbhéartú i mbeomheáchan nuair a dhéantar é a thaifead sa logleabhar;

▼M1

(d) go ndéanfar taifead ar gach iontráil i gcomhréir le hAirteagal 24; agus

(e) i gcás ina mbíonn táirgiúlacht ann ar lá cigireachta, go gcuirtear ar fáil don chigire arna iarraidh sin aige, an t-eolas a bhaineann le haon ghabháil a phróiseáiltear an lá sin.

▼B

4. Agus aird chuí á tabhairt ar rialacha sábháilteachta agus ar fhreagrachtaí mháistir an tsoithigh maidir le cúrsaí loingseoireachta, déanfaidh gach soitheach iascaireachta gach gabháil ar gabhadh sa Limistéar Rialála í a stuáil ar leithligh ó gach gabháil ar gabhadh lasmuigh den Limistéar Rialála í agus áireofar go ndéanfar an scaradh sin a idirdhealú go soiléir le plaisteach, sraithadhmad nó eangach.

5. Déanfaidh gach soitheach iascaireachta plean stuála a choinneáil de réir na bhforálacha seo a leanas:

(a) léireofar ann:

(i) suíomh agus cainníocht, arna sloinneadh mar mheáchan táirge in kg, gach speicis laistigh de gach bolg lasta éisc;

(ii) suíomh an tséacla i ngach bolg lasta ar gabhadh é i Roinn 3L agus i Roinn 3M, lena n-áirítear cainníocht an tséacla in kg, de réir Ranna;

(iii) an radharc ón mbarr ar an táirge i ngach bolg lasta éisc;

(b) déanfar é a nuashonrú go laethúil maidir leis an lá roimhe sin ó 00:01 go dtí 24:00 AUL, agus;

(c) coimeádfar ar bord é go dtí go mbeidh na gabhálacha ar fad díluchtaithe ina iomláine ón soitheach.

6. Déanfaidh gach soitheach tuarascálacha a tharchur go leictreonach, i gcomhréir leis an bhformáid agus leis an ábhar a leagtar síos do gach cineál tuairisce in Iarscríbhinn II.D agus in Iarscríbhinn II.F a ghabhann le CEM, dá dtagraítear i bpointe 31 agus i bpointe 32 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, chuig a Lár-Ionad Faireacháin Iascaigh maidir leis an méid seo a leanas,:

(a) gabháil ar dhul isteach (COE): cainníocht gach gabhála atá ar bord de réir speicis ar dhul isteach sa Limistéar Rialála don soitheach, agus déanfar sin a tharchur ar a laghad sé huaire an chloig roimh dhul isteach don soitheach ann;

(b) gabháil ar imeacht (COX): cainníocht gach gabhála atá ar bord de réir speicis ar imeacht ón Limistéar Rialála don soitheach, agus déanfar sin a tharchur ar a laghad sé huaire an chloig roimh imeacht an tsoithigh;

▼M1

(c) tuarascáil maidir le gabhálacha (CAT): cainníocht na gabhála arna coinneáil agus cainníocht na speiceas arna haischur don lá roimh an tuarascáil, de réir Ranna, agus lena n-áirítear i gcás nárbh ann d'aon ghabháil, agus seolfar na sonraí sin go laethúil roimh 12:00 AUL, mura gcuirtear isteach i dtuarascáil COX iad; gabhálacha nialais a choinnítear agus aischuir nialais de gach speiceas, déanfar iad a thuairisciú mar chód 3 alfa MZZ (speiceas muirí gan sonrú) agus mar chainníocht "0" faoi mar a léirítear sna samplaí seo a leanas (//CA/MZZ 0//agus//RJ/MZZ 0//);

▼B

(d) gabháil ar bord (COB): i gcás gach soithigh atá ag iascach an tséacla Artaigh i Roinn 3L, roimh dul isteach i Roinn 3L dó agus roimh imeacht ón Roinn sin dó, a tharchur uair amháin an chloig roimh dó teorainn Roinn 3L a thrasnú;

(e) trasloingsiú (TRA):

(i) le soitheach deontóra, a tharchur ceithre huaire is fichid an chloig ar a laghad roimh an trasloingsithe; agus

(ii) le soitheach glactha, tráth nach déanaí ná uair amháin an chloig tar éis an trasloingsithe.

(f) calafort ina ndéantar an ghabháil a thabhairt i dtír (POR): le soitheach a fuair trasloingsiú ceathair huaire an chloig is fiche ar a laghad roimh aon tabhairt i dtír.

▼M1

Déanfar gabháil a thuairisciú ar leibhéal speiceas faoina chód 3-alfa comhfhreagrach a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn I.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 11 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo nó, murab ann di in Iarscríbhinn I.C a ghabhann le CEM, bainfear úsáid as Liosta Speiceas EBT i ndáil le hEolaíocht Uisceach agus Córas Faisnéise Iascaigh chun críocha Staidrimh Iascaigh. Déanfar meáchan measta siorcanna a ghabhtar in aghaidh an dola nó an chuir a thaifeadadh freisin.

▼B

7. Féadfar na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 6 a chur ar ceal trí bhíthin tuarascála maidir le cealú san fhormáid a shonraítear in Iarscríbhinn II.F(8) a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 32 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Más faoi réir ceartúcháin atá aon cheann de na tuarascálacha sin, seolfar tuarascáil nua gan mhoill i ndiaidh na tuarascála maidir le cealú laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos san Airteagal seo.

Cuirfidh LFI an Stáit brataí in iúl don Choimisiún gan mhoill go bhfuil glactha aige le cealú na tuarascála ó shoithigh a bhfuil a bhratach ar foluain acu.

8. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh a LFI, ar fháil na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 6 dó, go ndéanfaidh sé iad a tharchur go leictreonach chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO san fhormáid a leagtar síos in Iarscríbhinn II.D a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 31 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus go gcuirfear chun an Choimisiúin agus chun na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach (EFCA) iad i gcóip.

▼B

9. Déanfaidh gach Ballstát na nithe seo a leanas:

(a) tuarascáil a thabhairt de réir speicis agus limistéir stoic maidir lena ghabhálacha míosúla sealadacha agus maidir lena laethanta iascaireachta míosúla sealadacha d'iascach an tséacla Artaigh i Roinn 3M, bíodh leithdháiltí iarrachta aige i dtaobh na stoc ábhartha nó ná bíodh; déanfaidh sé na tuarascálacha sin a tharchur chuig an gCoimisiún laistigh de 20 lá ó dheireadh na míosa féilire inar gabhadh an ghabháil;

(b) áiritheoidh sé go gcuirfear faisnéis logleabhair faoi bhráid an Choimisiún i bhformáid Teanga Mharcála Inbhreisithe (XML) nó i bhformáid comhaid Microsoft Excel, agus go bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II.N a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 33 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ann ar a laghad laistigh de 60 lá tar éis gach turas iascaireachta a bheith curtha i gcrích.

▼M1

Ní bheidh feidhm ag pointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo má tuairiscíodh gach gabháil i gcomhréir le mír 6.

▼B

Airteagal 26

Córas um Fhaireachán Soithí (VMS)

1. Gach soitheach atá ag oibriú sa Limistéar Rialála, beidh sé feistithe le gaireas faireacháin satailíte arb acmhainn dó suíomh an tsoithigh a tharchur go huathoibríoch agus go leanúnach chuig a LFI talamh-bhunaithe, uair amháin gach uair an chloig ar a laghad, mar aon leis na sonraí VMS seo a leanas:

(a) aitheantas soithigh;

(b) suíomh is déanaí an tsoithigh, de réir domhanleithid agus domhanfhaid, agus le lamháil earráide nach mó ná 500 meadar agus eatramh muiníne 99 %;

(c) dáta agus am AUL a ndéanfar an suíomh a aimsiú; agus

(d) cúrsa/triall an tsoithigh agus an luas atá faoi.

2. Déanfaidh gach Ballstát a áirithiú maidir lena LFI:

(a) go bhfaighidh sé na sonraí suímh dá dtagraítear i mír 1 agus go ndéanfaidh sé iad a thaifeadadh trí bhíthin na cóid 3 litir:

(i) “ENT”, an chéad suíomh VMS a tharchuireann gach soitheach ar theacht isteach sa Limistéar Rialála dó;

(ii) “POS”, gach suíomh VMS ina dhiaidh sin a tharchuireann gach soitheach ó laistigh den Limistéar Rialála; agus

(iii) “EXI”, an chéad suíomh VMS a tharchuireann gach soitheach ar imeacht ón Limistéar Rialála dó;

▼B

(b) beidh sé feistithe le crua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta i ndáil le sonraí a phróiseáil agus le sonraí a tharchur go leictreonach agus cuirfidh sé nósanna imeachta cúltaca agus aisghabhála i bhfeidhm agus déanfaidh sé na sonraí a gheofar ó shoithí eile a thaifead i bhfoirm atá inléite do ríomhairí a choinneoidh sé ar feadh 3 bliana ar a laghad; agus

(c) cuirfidh sé ainm, seoladh, uimhir gutháin, teiléacs, ríomhphost nó uimhreacha facs a LFI agus gach athrú a dhéantar ina dhiaidh sin in iúl don Choimisiún agus do EFCA gan mhoill.

3. Beidh gach Ballstát freagrach as na costais go léir a bhaineann lena VMS féin.

4. I gcás ina ndéanann cigire breathnóireacht ar shoitheach iascaireachta sa Limistéar Rialála agus nach bhfuil sonraí i gcomhréir le mír 1, mír 2 nó mír 8 faighte aige, cuirfidh an cigire sin an méid sin in iúl do mháistir an tsoithigh agus don Choimisiún.

5. I gcás ina ndealraíonn sé go bhfuil gaireas faireacháin satailíte an tsoithigh lochtach nó neamh-fheidhmeach, déanfaidh an Ballstát a áirithiú go gcuirfear sin in iúl do mháistir an tsoithigh nó d'úinéir soithigh iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige nó dá ionadaí.

6. I gcás ina dteipeann ar an ngaireas faireacháin satailíte, déanfaidh máistir an tsoithigh a áirithiú go ndeiseofar é nó go gcuirfear gaireas nua ina ionad laistigh de mhí amháin tar éis na teipe sin, nó, i gcás ina maireann turas iascaireachta níos mó ná mí amháin, go ndéanfar an deisiú a chur i gcrích nó gaireas ionaid a sholáthar an chéad uair eile a shroichfidh an soitheach an calafort.

7. Ní cheadófar do shoitheach a bhfuil gaireas faireacháin satailíte lochtach air tús a chur le turas iascaireachta.

8. Gach soitheach atá ag oibriú le gaireas faireacháin satailíte lochtach, déanfaidh sé na sonraí suímh VMS a tharchur chuig a Bhallstát brataí uair amháin gach 4 huaire an chloig ar a laghad agus trí mhodh cumarsáide eile atá ar fáil, go háirithe, satailít, ríomhphost, raidió, facs nó teiléacs.

9. Áiritheoidh an Ballstát brataí an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfaidh a LFI sonraí suímh VMS a tharchur chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO agus go gcuirfear na sonraí céanna chuig an gCoimisiún agus EFCA i gcóip, a luaithe agus is féidir, ach tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis dó iad a fháil agus féadfaidh sé soithí iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain acu a údarú chun sonraí suímh VMS a tharchur go díreach chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO trí bhíthin satailíte, ríomhphoist, raidió, facs nó teiléacs; agus

(b) go mbeidh na sonraí suímh VMS arna dtarchur chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO i gcomhréir leis an bhformáid malartaithe sonraithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 34 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus mar a chuirtear síos uirthi tuilleadh in Iarscríbhinn II.D a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 31 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼B

10. Féadfaidh gach Ballstát sonraí VMS NAFO a úsáid le haghaidh cuardaithe agus tarrthála nó chun críche sábháilteachta muirí.

CAIBIDIL VI

SCÉIM BREATHNÓIRÍ

Airteagal 27

Clár breathnóirí

1. Beidh breathnóirí neamhspleách agus neamhchlaonta, agus beidh an fhaisnéis, an t-eolas, na scileanna agus na cumais acu chun na dualgais, na feidhmeanna agus na ceanglais mar a shonraítear in Airteagal 27 a chomhlíonadh. Déanfaidh na breathnóirí a gcuid dualgas agus feidhmeanna ar mhodh neamhchlaonta beag beann ar náisiúntacht agus ar an mbratach atá ar foluain ar an soitheach, agus beidh siad saor ó thionchar míchuí nó tairbhe mhíchuí atá nasctha le gníomhaíocht iascaireachta aon soitheach atá ag iascaireacht sa Limistéar Rialála.

2. Gan dochar don eisceacht i mír 4, beidh breathnóir amháin ar a laghad i gcónaí ar bord gach soitheach iascaireachta agus gníomhaíochtaí iascaireachta ar bun aige sa Limistéar Rialála, i gcomhréir le forálacha an chláir bhreathnóra. Ní thosóidh soitheach iascaireachta ag iascaireacht go dtí go mbeidh an breathnóir ar bord an tsoithigh iascaireachta. Meastar gur sárú tromchúiseach é má mhainnítear breathnóir a bheith ar bord, más gá sin.

3. De mhaolú ar mhír 2, agus más rud é nár iarr NAFO leibhéal clúdaigh breathnóra níos airde, féadfaidh Ballstát a cheadú dá soithí iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige breathnóir a bheith ar bord i gcomhair níos lú na 100 % de na turais iascaireachta a dhéanann a chabhlach, ach gan a bheith níos lú ná 25 % díobh, nó de na laethanta a mbeidh na soithí iascaireachta sa Limistéar Rialála le linn na bliana, ar an gcoinníoll go ndéanfaidh an Ballstát brataí an méid a leanas do na soithí nach bhfuil breathnóir ar bord acu:

(a) áiritheoidh sé go ndíreoidh na soithí lena mbaineann ar speicis i limistéir ina meastar go ndéanfar speicis eile a fhoghabháil go faillíoch;

(b) áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh an soitheach na ceanglais tuarascála fíor-ama ar fad;

(c) cigireacht fhisiciúil nó meastóireacht ar bhealach eile de réir mar is iomchuí a dhéanamh, tar éis measúnú riosca, ar gach gabháil a thugann an soitheach lena mbaineann i dtír ina gcalafoirt de réir nósanna imeachta faireacháin, rialaithe agus faireachais náisiúnta. Má bhraitear go bhfuil aon sárú á dhéanamh ar an Rialachán seo agus má dhearbhaítear é, ullmhóidh sé tuarascáil cigireachta san fhormáid a leagtar síos in Iarscríbhinn IV.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 48 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus tarchuirfidh sé é chuig an gCoimisiún a luaithe is féidir tar éis an sárú a dhearbhú.

(d) a luaithe is féidir roimh an turas iascaireachta, tarchuirfidh sé an fhaisnéis a leanas chuig an gCoimisiún:

(i) ainm, uimhir IMO agus glao-chomhartha raidió idirnáisiúnta an soithigh;

▼B

(ii) na fachtóirí lena dtacaítear leis an gcinneadh chun an maolú ón gclúdach 100 % a dheonú;

(e) cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Feabhra gach bliain, tuarascáil faoin mbliain féilire roimhe sin ina ndéanfar comparáid idir na gníomhaíochtaí ábhartha iascaireachta ar fad agus ina dtaispeánfar an difear idir na turais ina raibh breathnóir ar bord agus na turais nuair nach raibh breathnóir ann. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO faoin 1 Márta gach bliain.

4. I gcás ina n-eiseoidh cigire fógra maidir le sárú chuig soitheach iascaireachta nach bhfuil breathnóir ar bord aige, seachas sa chás go bhfuil easpa breathnóra i gcomhréir le mír 3, tráth an fhógra, measfar gur sárú tromchúiseach é an sárú chun críche Airteagal 35(1) agus, i gcás nach gceanglóidh an Ballstát brataí ar an soitheach iascaireachta dul láithreach chun calafoirt i gcomhréir le hAirteagal 35(3), déanfaidh sé breathnóir a shannadh chuig an soitheach iascaireachta gan mhoill.

5. Déanfaidh gach Ballstát na nithe seo a leanas:

(a) gach bliain, sula dtosóidh an soitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aige ag iascaireacht sa Limistéar Rialála, cuirfidh sé liosta nuashonraithe chuig an gCoimisiún de na breathnóirí (ainm agus sonraí aitheantais más infheidhme) a bhfuil sé ar intinn aige a imscaradh ar shoithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu sa Limistéar Rialála;

(b) ceanglóidh sé ar shoithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu breathnóir ón liosta dá dtagraítear i bpointe (a) a bheith ar bord, i gcomhréir leis an gclár breathnóra;

(c) a mhéid is féidir, áiritheoidh sé nach n-imscarfar breathnóirí aonair ar thurais leantacha ar an soitheach céanna;

(d) áiritheoidh sé go bhfuil gaireas neamhspleách teagmhála sa dá threo ag breathnóirí agus iad ar muir;

(e) déanfaidh sé beart iomchuí i ndáil le soithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu chun coinníollacha oibre slán, cosaint, slándáil agus leas na mbreathnóirí a áirithiú agus iad i mbun a gcuid dualgas, rud a bheidh ag teacht le caighdeáin agus treoirlínte idirnáisiúnta;

(f) áiritheoidh sé go ndéanfaidh na breathnóirí na sonraí agus an fhaisnéis ar fad a bhaineann leis na hoibríochtaí iascaireachta a bhailítear le linn dóibh a bheith imscartha, lena n-áirítear íomhánna agus físeáin a tógadh, a láimhseáil i gcomhréir le ceanglais rúndachta infheidhme;

▼M1

(g) go leictreonach agus gan mhoill tar éis í a fháil, tuarascáil laethúil an bhreathnóra dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 11 a tharchur chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

▼B

6. Tar éis dó tuarascáil an bhreathnóra a fháil ó bhreathnóir a thuairiscíonn neamhréireachtaí le CEM nó teagmhas, lena n-áirítear teagmhais lena gcuirfí bac ar bhreathnóirí a ndualgais a chomhlíonadh nó lena gcuirfí imeagla orthu, nó lena gcuirfí isteach orthu nó toirmeasc orthu ar shlí eile a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh, sa mhéid a bhaineann le soitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aige, déanfaidh an Ballstát na nithe seo a leanas:

(a) an tuarascáil a láimhseáil leis an íogaireacht agus an discréid is mó, i gcomhréir leis na ceanglais rúndachta is infheidhme;

(b) measúnú a dhéanamh ar na neamhréireachtaí arna sainaithint i dtuarascáil an bhreathnóra agus aon ghníomhaíocht leantach a meastar gur iomchuí í a dhéanamh;

(c) tuarascáil faoi na gníomhaíochtaí leantacha a chruthú agus í a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

▼M1

7. Soláthróidh gach Ballstát:

(a) tráth nach déanaí ná 24 uair a chloig sula rachaidh breathnóir ar bord soithigh iascaireachta, ainm agus glao-chomhartha raidió idirnáisiúnta an tsoithigh iascaireachta, mar aon le hainm agus aitheantas (más infheidhme) an bhreathnóra lena mbaineann;

(b) laistigh de 20 lá tar éis don soitheach teacht isteach sa chalafort, tuarascáil ar thuras an bhreathnóra dá dtagraítear i mír 11;

(c) faoin 15 Feabhra gach bliain don bhliain féilire roimhe sin, tuarascáil maidir lena mhéid a bhfuil na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo á gcomhlíonadh aige.

▼B

8. Más rud é go n-iompraíonn soitheach iascaireachta breathnóir ó Bhallstáit nó Páirtí Conarthach eile de chuid NAFO, tuairisceoidh an breathnóir sin do Bhallstát brataí an tsoithigh.

9. Mura mbeidh breathnóir á iompar ag soitheach iascaireachta ar a bhfuil ceanglas breathnóir a iompar, féadfaidh an Ballstát brataí a cheadú d'aon Pháirtí Conarthach eile breathnóir a chur ar an soitheach.

10. Má tharlaíonn sé, le linn an imscartha, go gcinntear gur ann do riosca tromchúiseach don bhreathnóir, glacfaidh an Ballstát brataí céimeanna chun a áirithiú go mbaintear an breathnóir den soitheach mura dtugtar aghaidh ar an riosca agus go dtí go dtugtar aghaidh ar an riosca;

11. Déanfaidh breathnóir a imscartar ar shoitheach na dualgais seo a leanas ar laghad:

(a) i gcás gach dola nó cuir, san fhormáid a léirítear in Iarscríbhinn II.M a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 35 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo (“tuarascáil ar thuras an bhreathnóra”):

(i) cainníocht gach gabhála, de réir speicis, lena n-áirítear d'ábhar muirí aischurtha agus táscairí VMEnna dá dtagraítear i gCuid VI d'Iarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo:

— mar a taifeadadh i logleabhair iascaireachta agus táirgeachta an tsoithigh,

▼B

— mar a mheas an breathnóir go neamhspleách.

I gcás dola nárbh fhéidir meastacháin breathnóra neamhspleách a dhéanamh ina leith, ba cheart na cealla sonraí ábhartha a fhágáil folamh agus nóta a dhéanamh i roinn na mbarúlacha de na nithe seo a leanas;

(ii) aon neamhréireacht a shainaithnítear idir na foinsí éagsúla sonraí gabhála;

(iii) cineál trealaimh, mogallmhéid, ceangaltáin;

(iv) sonraí iarrachta;

(v) domhanfhad agus domhanleithead, doimhneacht iascaireachta;

(vi) i gcás na dtrál-iascach, an t-am ó chríochnaítear socrú an fhearais go dtí an t-am a mbailítear é. In aon chás eile, tús an tsocraithe agus deireadh an bhailithe;

(b) faireachán a dhéanamh ar phlean stuála an tsoithigh dá dtagraítear in Airteagal 25, agus aon neamhréireachtaí a shainaithnítear a thaifead sa tuarascáil breathnóra;

(c) aon bhriseadh nó cur isteach ar VMS a thaifeadadh;

(d) gan ionstraimí an tsoithigh a shocrú ach amháin i gcás ina n-aontaíonn máistir an tsoithigh;

(e) tuarascáil an bhreathnóra, de réir Ranna, a tharchur go laethúil roimh 12:00 AUL chuig LFI an Bhallstáit brataí, bíodh an soitheach ag iascaireacht nó ná bíodh, i gcomhréir le hIarscríbhinn II.G a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 36 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(f) an obair a iarrfaidh NAFO, lena n-áirítear obair chun críocha eolaíocha, a dhéanamh;

(g) tuarascáil an bhreathnóra a thíolacadh, i bhfoirm atá inléite ar ríomhaire, agus na híomhánna gaolmhara arna nglacadh ag an mbreathnóir a chur i gceangal nuair is féidir:

(i) a luaithe is féidir tar éis don soitheach an limistéar rialála a fhágáil agus, ar a dhéanaí, ar theacht isteach don soitheach sa chalafort, go dtí an Ballstát brataí;

(ii) a thúisce a thiocfaidh an soitheach isteach sa chalafort, don údarás cigireachta calafoirt áitiúil má dhéantar cigireacht sa chalafort;

(h) iad féin a chur ar fáil do chigirí ar muir, nó sa chalafort ar theacht isteach don soitheach, chun críocha fiosrú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh;

(i) ag tagairt d'aon teagmhas neamhchomhlíontachta leis an Rialachán seo:

(i) aon neamhréireacht leis an Rialachán seo a thuairisciú gan mhoill d'údaráis inniúil Bhallstát brataí an tsoithigh, lena n-áirítear aon teagmhais lena gcuirfí bac ar an mbreathnóir a dhualgais a chomhlíonadh nó lena gcuirfí imeagla air, nó lena gcuirfí isteach air nó toirmeasc air ar shlí eile a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh, agus úsáid á baint as an ngaireas neamhspleách teagmhála, agus

▼B

(ii) taifid mhionsonraithe a choinneáil, lena n-áirítear íomhánna agus fís-sleachta ábhartha, ar aon chúinsí agus faisnéis a bhaineann le haon teagmhais neamhréireacha leis an Rialachán seo, lena dtarchur chuig LFI an Bhallstáit brataí a luaithe is féidir, agus, ar a dhéanaí, ar theacht isteach don soitheach sa chalafort;

12. Déanfaidh máistir an tsoithigh a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu na nithe seo a leanas:

(a) an comhar agus tacaíocht sin is gá a chur ar fáil chun cur ar chumas an bhreathnóra a dhualgais a chomhlíonadh. Áireofar sa chomhar sin pé rochtain is gá a thabhairt don bhreathnóir ar an ngabháil, lena n-áirítear pé gabháil a bheartóidh an soitheach a aischur;

(b) bia agus lóistín a chur ar fáil don bhreathnóir ar chaighdeáin nach lú e ná mar a chuirtear ar fáil d'oifigigh an tsoithigh. Mura mbeidh lóistín na n-oifigeach ar fáil, cuirfear lóistín ar fáil don bhreathnóir ar chaighdeán atá chomh maith céanna agus is féidir ach ar chaighdeán nach lú ná caighdeán an lóistín a chuirtear ar fáil don chriú;

(c) rochtain a thabhairt ar limistéir oibríochtúla uile an tsoithigh is gá le go ndéanfadh an breathnóir a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh, lena n-áirítear bolg/boilg, limistéar/limistéir táir-geachta, droichead, trealamh próiseála dramhaíola agus trealamh loingseoireachta agus cumarsáide an tsoithigh;

(d) gan bac ná imeagla a chur ar an mbreathnóir, gan cur isteach air nó tionchar a imirt air, gan breab a thabhairt dó nó iarracht a dhéanamh breab a thabhairt don bhreathnóir agus é nó í i mbun a dhualgas nó a dualgas;

(e) na druileanna éigeandála uile ar bord a thaispeáint don bhreathnóir; agus

(f) an breathnóir a chur ar an eolas nuair a léireodh páirtí cigireachta a intinn teacht ar bord an tsoithigh.

13. Mura socraítear a mhalairt le Páirtí Conarthach eile de chuid NAFO, nó Ballstát brataí, is ar gach Ballstát a bheidh na costais a bhaineann leis na breathnóirí a bheidh imscartha aige a íoc. Féadfaidh an Ballstát brataí a cheadú d'oibreoirí iascaireachta rannchuidiú leis na costais a bhaineann le breathnóirí a íoc, gan dochar do mhír 14.

14. Ní bheidh aon leas airgeadais ná tairbhiúil ag breathnóirí in aon soitheach NAFO agus íocfar iad ar bhealach a léiríonn neamhspleáchas airgeadais ar aon soitheach atá ag iascaireacht sa Limistéar Rialála.

▼M1

15. Maidir leis an bhfaisnéis a gceanglaítear ar Bhallstáit í a chur ar fáil, i gcomhréir le pointí (c) agus (d) de mhír 3, le pointe (a) de mhír 5, le pointe (c) de mhír 6 agus de mhír 7, tarchuirfear í chuig EFCA agus cuirfear an gCoimisiún i gcóip. Áiritheoidh EFCA go dtarchuirfear an fhaisnéis seo chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO gan mhoill, le go ndéanfar í a phostáil ar shuíomh gréasáin MCS.

▼B

CAIBIDIL VII

SCÉIM CIGIREACHTA AGUS FAIREACHAIS CHOMHPHÁIRTEACH

Airteagal 28

Forálacha ginearálta

1. Déanfaidh EFCA na gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a chomhordú don Aontas. Féadfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, cláir chigireachta agus faireachais oibríochtúla chomhpháirteacha a leagan amach chun na críche sin ("an Scéim"). Glacfaidh na Ballstáit a bhfuil a soithí i mbun iascach sa Limistéar Rialála na bearta is gá chun cur chun feidhme na Scéime sin a éascú, go háirithe maidir leis na hacmhainní daonna agus ábhair is gá agus leis na tréimhsí agus na criosanna ina n-úsáidfear na hacmhainní sin.

▼M1

2. Na cigirí a bheidh sannta ag na Ballstáit ag EFCA agus ag an Coimisiún, déanfaidh siad cigireacht agus faireachas. Tabharfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún fógra do EFCA maidir le cigirí tríd an Scéim.

▼B

3. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún agus le EFCA, trí chomhaontú frithpháirteach cigirí agus comhordaitheoirí EFCA a bheidh sannta ag EFCA don Scéim a imscaradh chuig ardán cigireachta Páirtí Chonarthaigh eile de chuid NAFO.

4. Nuair atá breis agus 15 shoitheach iascaireachta de chuid na mBallstát i láthair sa Limistéar Rialála tráth ar bith, áiritheoidh EFCA agus na Ballstáit le linn na tréimhse sin:

(a) go mbeidh cigire nó údarás inniúil eile i láthair sa Limistéar Rialála; nó

(b) go mbeidh údarás inniúil i láthair i gcríoch Páirtí Chonarthaigh de chuid NAFO taobh leis an Limistéar Coinbhinsiúin;

(c) go bhfreagróidh na Ballstáit gan mhoill do gach fógra sáraithe sa Limistéar Rialála a thabharfaidh soitheach iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain aige.

5. Soláthróidh gach Ballstát atá rannpháirteach sa Scéim liosta do gach ardán cigireachta, ar theacht isteach sa Limistéar Rialála dó, ar liosta amharc agus bordála é a bheidh déanta aige sa tréimhse 10 lá roimhe sin lena n-áirítear an dáta, na comhordanáidí agus aon fhaisnéis ábhartha eile.

6. Áiritheoidh gach Ballstát atá rannpháirteach sa Scéim, i gcomhar leis an gCoimisiún nó le EFCA, go gcoinneoidh gach ardán cigireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige agus atá ag oibriú sa Limistéar Rialála teagmháil shábháilte agus laethúil, i gcás inar féidir, le gach ardán cigireachta eile atá ag oibriú sa Limistéar Rialála, chun faisnéis riachtanach a mhalartú lena ngníomhaíochtaí a chomhordú.

▼M1

7. Tabharfaidh cigirí a thugann cuairt ar shoitheach taighde stádas an tsoithigh dá n-aire agus déanfaidh siad na nósanna imeachta cigireachta a theorannú do na nósanna imeachta sin atá riachtanach chun a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí á ndéanamh ag an soitheach atá comhsheasmhach lena phlean taighde. I gcás ina mbeidh forais réasúnta ag na cigirí chun amhras a bheith orthu go bhfuil gníomhaíochtaí á ndéanamh ag an soitheach nach bhfuil comhsheasmhach lena phlean taighde, cuirfear an Coimisiún agus EFCA ar an eolas láithreach faoi sin agus beidh feidhm iomlán ag CEM.

▼B

8. Áiritheoidh na Ballstáit go gcaithfidh a gcigirí go cothromasach agus ar bhealach cothrom le soithigh atá ag oibriú sa Limistéar Rialála trí líon díréireach cigireachtaí a sheachaint ar shoithigh a bhfuil bratach aon Pháirtí Chonarthaigh ar leith de chuid NAFO ar foluain acu. Maidir le haon ráithe ar leith, beidh, a mhéid is féidir, líon na gcigireachtaí a dhéanfaidh cigirí Ballstáit ar shoithí atá i dteideal bratach Páirtí Chonarthaigh eile de chuid NAFO a chur ar foluain i gcomhréir le cion na gníomhaíochta iascaireachta iomláine sa Limistéar Rialála lena gcuimsítear, *inter alia*, líon na ngabhálacha agus na laethanta soithigh. Agus minicíocht na gcigireachtaí á gcinneadh, féadfaidh cigirí na patrúin iascaireachta agus taifead aon soithigh iascaireachta maidir le comhlíonadh a chur san áireamh.

9. Agus páirt á glacadh ag Ballstát sa Scéim, áiritheoidh sé, ach amháin nuair atá cigireacht á déanamh ar shoitheach iascaireachta a bhfuil a bhratach féin ar foluain aige i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, an méid seo a leanas maidir le cigirí agus le cigirí faoi oiliúint atá sannta don Scéim seo:

(a) beidh siad faoina rialú oibríochtúil;

(b) cuirfidh siad forálacha na Scéime seo chun feidhme;

(c) ní bheidh airm á n-iompar acu agus iad ag dul ar bord an tsoithigh;

(d) ní dhéanfaidh siad dlíthe ná rialacháin a bhaineann le huiscí an Aontais a fhorfheidhmiú;

(e) comhlíonfaidh siad rialacháin, nósanna imeachta agus cleachtais idirnáisiúnta a nglactar go coitianta leo i ndáil le sábháilteacht an tsoithigh a bhfuil cigireacht á déanamh air agus i ndáil lena chriú;

(f) ní chuirfidh siad isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta ná ar stuáil táirgí iascaireachta agus, a mhéid agus is féidir, seachnóidh siad gníomhaíocht a mbeadh drochthionchar aici ar an ngabháil ar bord; agus

(g) osclóidh siad coimeádáin ar mhodh lena n-éascaítear athshéalú, athphacáil agus athstóráil na gcoimeádán go pras ina dhiaidh sin.

10. Caithfear i modh rúin le gach tuarascáil chigireachta, faireachais agus imscrúdaithe dá dtagraítear anseo sa Chaibidil seo agus le híomhánna nó le fianaise ghaolmhar, i gcomhréir le hIarscríbhinn II.B a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 37 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼B

Airteagal 29

Ceanglais fógartha

1. Déanfaidh gach Ballstát, tráth nach déanaí ná an 1 Samhain gach bliain, an fhaisnéis seo a leanas a chur chuig EFCA (agus an Coimisiún i gcóip), a dhéanfaidh an fhaisnéis a phostáil ar shuíomh gréasáin NAFO MCS:

(a) faisnéis teagmhála an údaráis inniúil a ghníomhóidh mar an bpointe teagmhála chun críche fógra a thabhairt láithreach faoi sháruithe sa Limistéar Rialála, agus aon athruithe ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis sin, tráth nach déanaí ná 15 lá sula dtiocfaidh na hathruithe i bhfeidhm;

(b) ainmneacha na gcigirí agus na gcigirí faoi oiliúint agus ainm, comhartha aitheantais raidió agus faisnéis teagmhála cumarsáide gach ardáin cigireachta a bheidh sannta aige don Scéim. Tabharfaidh sé fógra faoi athruithe ar na sonraí arna bhfógairt amhlaidh, aon uair is féidir, tráth nach déanaí ná 60 lá roimh ré.

2. Agus páirt á glacadh ag Ballstát sa Scéim, áiritheoidh sé go dtabharfar fógra do EFCA roimh ré faoi dháta, am tosaigh agus deireadh gach patróil arna dhéanamh ag an ardán cigireachta a bheidh sannta aige amhlaidh.

Airteagal 30

Nósanna imeacht faireachais

1. I gcás ina mbreathnóidh cigire ar shoitheach iascaireachta sa Limistéar Rialála a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh de chuid NAFO ar foluain aige a bhfuil cúiseanna amhrasta ann go ndearnadh sárú dealraitheach ar an Rialachán seo, agus i gcás nach indéanta cigireacht a dhéanamh láithreach, déanfaidh an cigire an méid seo a leanas:

(a) an Fhoirm maidir le Tuarascáil Faireachais a líonadh amach i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.A a ghabhann le CEM, dá dtagraítear i bpointe 38 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Más rud é go mbeidh meastóireacht déanta ag an gcigire ar a bhfuil i ndol ó thaobh toirte nó chomhdhéanamh na gabhála de, áiritheofar sa tuarascáil faireachais an fhaisnéis ábhartha go léir maidir le comhdhéanamh na tarraingthe agus déanfar tagairt don mhodh a úsáidtear i gcomhair na meastóireachta toirtmhéadraí;

(b) déanfaidh sé taifead d'íomhánna den soitheach agus den suíomh, den dáta agus den am a taifeadadh an íomhá; agus

(c) tarchuirfidh sé an tuarascáil faireachais mar aon le híomhánna gan mhoill agus go leictreonach chuig a údarás inniúil.

2. Déanfaidh údarás inniúil Ballstáit a bhfuil an tuarascáil faireachais sin á fáil aige an méid seo a leanas gan mhoill:

▼M1

(a) go dtarchuirfear an tuarascáil faireachais chuig EFCA agus, gan mhoill, cuirfidh EFCA í faoi bhráid Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO lena tarchur chuig Páirtí Conarthach Stáit brataí an tsoithigh;

▼B

(b) tarchuirfidh sé cóip de na híomhánna arna dtaifeadadh chuig EFCA agus déanfaidh EFCA iad a tharchur chuig Páirtí Conarthach Stáit brataí an tsoithigh nó chuig an mBallstát brataí murab ionann é agus an Ballstát is cigire;

(c) áiritheoidh sé slándáil agus leanúnachas na fianaise le haghaidh cigireachtaí ina dhiaidh sin.

3. Ar thuarascáil faireachais a fháil i dtaca le soitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aige, déanfaidh gach údarás inniúil de chuid gach Ballstáit pé imscrúdú is gá chun gníomhaíocht leantach iomchuí a chinneadh.

▼M1

4. Cuirfidh gach Ballstát an tuarascáil imscrúdaithe chuig EFCA agus cuirfidh EFCA í chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO agus chuig an gCoimisiún.

▼B

Airteagal 31

Nósanna imeachta bordála agus cigireachta le haghaidh Páirtithe Conarthacha

I dtaca le cigireacht arna déanamh faoin Scéim, áiritheoidh gach Ballstát an méid seo a leanas maidir lena chigirí:

(a) go dtabharfaidh siad fógra roimh bhordáil agus ar raidió don soitheach iascaireachta faoi ainm an ardáin cigireachta, ag baint úsáid as an gCód Idirnáisiúnta Comharthaí;

(b) an bhratainn a léirítear in Iarscríbhinn IV.E a ghabhann le CEM a chur ar taispeáint ar an soitheach cigireachta agus ar an soitheach bordála, dá dtagraítear i bpointe 39 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) go n-áiritheoidh siad go mbeidh achar sábháilte idir an soitheach cigireachta agus na soithí iascaireachta le linn na bordála;

(d) nach gceanglóidh siad ar an soitheach iascaireachta stopadh ná ionramháil agus tarraingt, cur nó tarlú ar bun aige;

(e) go ndéanfaidh siad líon gach foirne cigireachta a theorannú do cheathrar cigirí ar a mhéad lena n-áirítear aon chigire faoi oiliúint a fhéadfaidh gabháil leis an bhfoireann cigireachta chun críocha oiliúna agus chun na gcríoch sin amháin. I gcás ina mbeidh cigire faoi oiliúint ag gabháil leis na cigirí, cuirfidh na cigirí an cigire faoi oiliúint in aithne do mháistir an tsoithigh ar dhul ar bord dóibh. Níl ann ach go mbreathnóidh an cigire faoi oiliúint ar an oibríocht cigireachta arna déanamh ag na cigirí údaraithe agus ní chuirfidh sé isteach ar aon slí ar ghníomhaíochtaí an tsoithigh iascaireachta;

(f) ar dhul ar bord an tsoithigh dóibh, go tabharfaidh siad do mháistir an tsoithigh a ndoiciméid aitheantais i leith NAFO a d'eisigh Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO i gcomhréir le hAirteagal 32.3 (b) de CEM;

▼B

(g) go ndéanfaidh siad na cigireachtaí a theorannú do cheithre uair an chloig, nó don tréimhse ama is gá chun an líon a tharlú isteach agus cigireacht a dhéanamh ar an líon agus ar an ngabháil a iniúchadh, pé tréimhse ama is faide, ach amháin:

(i) i gcás sárú; nó

(ii) i gcás ina measfaidh an cigire go bhfuil cainníocht na gabhála ar bord éagsúil le cainníocht na gabhála arna taifeadadh sa logleabhar iascaireachta, agus sa chás sin, déanfaidh an cigire an chigireacht a theorannú d'uair bhreise d'fhonn ríomhanna agus nósanna imeachta a fhíorú, agus athscrúdú a dhéanamh ar na doiciméid ábhartha a úsáideadh chun an ghabháil a tógadh sa Limistéar Rialála mar aon leis an ngabháil ar bord an tsoithigh a ríomh;

(h) go mbaileoidh siad aon fhaisnéis ábhartha a sholáthróidh an breathnóir agus a úsáidfear chun comhlíonadh an Rialacháin seo a aithint.

Airteagal 32

Oibleagáidí mháistir an tsoithigh le linn cigireachta

Déanfaidh gach máistir de chuid an tsoithigh na bearta riachtanacha chun cigireacht a éascú ar an dóigh seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé, i gcás ina mbeidh comhartha tugtha ag soitheach cigireachta go bhfuiltear ar tí cigireacht a thosú, i gcás aon líon atáthar ar tí a tharlú, nach dtabharfar ar bord go ceann 30 nóiméad ar a laghad é tar éis don soitheach cigireachta an comhartha a thabhairt;

(b) ar iarraidh a fháil ó ardán cigireachta agus a mhéid agus is comhoiriúnach le dea-mhairnéalacht, éascóidh sé bordáil na gcigirí;

(c) soláthróidh sé dréimire bordála i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.G a ghabhann le CEM, dá dtagraítear i bpointe 40 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(d) áiritheoidh sé go mbeidh aon ardaitheoir meicniúil píolóta oiriúnach lena úsáid ar bhealach sábháilte lena n-áirítear rochtain shábháilte idir an t-ardaitheoir agus an deic;

(e) tabharfaidh sé rochtain do na cigirí ar gach limistéar ábhartha, ar dheiceanna agus ar sheomraí, ar ghabháil phróiseáilte agus neamhphróiseáilte, ar líonta nó ar fhearas eile, ar threalamh agus ar aon doiciméid ábhartha a mheasann siad is gá chun comhlíonadh an Rialacháin seo a fhíorú;

(f) taifeadfaidh sé, agus soláthróidh sé arna iarraidh sin, comhordanáidí a bhaineann le suíomhanna tosaigh agus deiridh aon tarraingthe trialach arna déanamh i gcomhréir le pointe (iii) de phointe (b) d'Airteagal 8(1);

▼B

(g) ar iarraidh a fháil ón gcigire, tabharfaidh sé doiciméid chlárúcháin, líníochtaí nó tuairiscí ar sheomraí éisc, logleabhair táirgthe agus pleananna stuála ar aird agus tabharfaidh sé pé cúnamh a cheanglóidh an cigire go réasúnta chun a chinntiú go bhfuil stuáil iarbhír na gabhála i gcomhréir leis an bplean stuála;

(h) ní chuirfidh sé isteach ar aon teagmháil idir na cigirí agus an breathnóir lena n-áirítear an príobháideachas atá riachtanach do na cigirí agus don bhreathnóir chun a ndualgais a chomhlíonadh;

(i) éascaíocht a dhéanamh do na cigirí samplaí a thógáil d'iasc próiseáilte, chun críche speicis a shainaithint trí anailís DNA a dhéanamh ar na samplaí;

(j) déanfaidh sé pé gníomh is gá chun sláine aon séala atá feistithe ag na cigirí a chaomhnú agus chun sláine aon fhianaise atá fós ar bord a chaomhnú, go dtabharfaidh an Stát brataí a mhalairt de threoir dó;

(k) chun leanúnachas fianaise a dhaingniú, i gcás ina mbeidh séalaí feistithe agus/nó fianaise daingnithe, síneoidh sé roinn cuí na tuarascála cigireachta lena n-admhaítear socrú séalaí;

(l) scoirfidh sé den iascaireacht nuair a iarrann na cigirí air déanamh amhlaidh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 35(2);

(m) soláthróidh sé úsáid threalamh cumarsáide an tsoithigh arna iarraidh sin mar aon le seirbhísí a oibreora chun teachtaireachtaí a tharchur ionas go gcuirfidh na cigirí amach iad agus ionas go bhfaighidh siad iad;

(n) arna iarraidh sin do na cigirí, bainfidh sé aon chuid den fhearas iascaireachta ar dealraitheach nach bhfuil sé údaraithe faoin Rialachán seo;

(o) i gcás ina mbeidh aon iontrálacha déanta ag na cigirí sna logleabhair, tabharfaidh sé cóip de gach leathanach ina bhfuil iontráil den sórt sin don chigire, agus arna iarraidh sin do na cigirí, síneoidh sé gach leathanach le dearbhú gur cóip dheimhnithe í; agus

(p) nuair a iarrtar air scor den iascaireacht, ní atosóidh sé ar an iascaireacht:

(i) go mbeidh an chigireacht curtha i gcrích ag na cigirí agus aon fhianaise daingnithe acu; agus

(ii) go mbeidh roinn iomchuí na tuarascála cigireachta dá dtagraítear i bpointe (k) sínithe ag máistir an tsoithigh.

Airteagal 33

Tuarascáil chigireachta agus obair leantach

1. Áiritheoidh gach Ballstát go gcuirfidh a chigirí tuarascáil chigireachta i gcrích san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.B a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 41 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo (“an tuarascáil chigireachta”) i ndáil le gach cigireacht.

▼B

2. Chun críche na tuarascála cigireachta:

(a) measfar gur turas iascaireachta reatha é turas iascaireachta i gcás ina mbeidh gabháil arna saothrú sa Limistéar Rialála le linn an turais ar bord an tsoithigh a ndearnadh cigireacht air;

(b) agus comparáid á déanamh idir iontrálacha sa logleabhar táirgthe agus iontrálacha sa logleabhar iascaireachta, déanfaidh na cigirí meáchan táirgthe a choinbhéartú ina bheomheáchan de réir fachtóirí coinbhéartaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII, Iarscríbhinn XIV agus Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme AE Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ([6]) do shoithigh iascaireachta an Aontais maidir le speiceas agus cur i láthair nach gcumhdaítear sna hIarscríbhinní sin agus maidir leis na fachtóirí coinbhéartachta arna n-úsáid ag máistir an tsoithigh i gcásanna eile;

(c) déanfaidh na cigirí an méid seo a leanas:

(i) déanfaidh siad achoimre ó thaifid logleabhair ar ghabháil an tsoithigh sa Limistéar Rialála de réir speicis agus Ranna i gcomhair an turais iascaireachta reatha;

▼M1

(ii) go ndéanfar taifead d'achoimrí agus d'éagsúlachtaí idir an ghabháil arna taifeadadh agus a meastacháin ar an ngabháil ar bord sna ranna iomchuí den tuarascáil cigireachta;

▼B

(iii) ar an gcigireacht a chur i gcrích, síneoidh siad an tuarascáil chigireachta agus cuirfidh siad an tuarascáil chigireachta faoi bhráid mháistir an tsoithigh chun í a shíniú agus barúil a thabhairt uirthi, agus cuirfidh siad faoi bhráid aon fhinné í ar mian leo ráiteas a chur isteach;

(iv) tabharfaidh siad fógra láithreach dá n-údarás inniúil agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis agus na híomhánna laistigh de 24 uair an chloig chuige, nó a luaithe agus is féidir; agus

(v) tabharfaidh siad cóip den tuarascáil do mháistir an tsoithigh, agus luafaidh siad mar is cuí sa roinn iomchuí den tuarascáil chigireachta má dhiúltaigh máistir an tsoithigh a admháil go bhfuarthas í.

3. Déanfaidh an Ballstát is cigire an méid seo a leanas:

▼M1

(a) go gcuirfear an tuarascáil cigireachta ar muir chuig EFCA, más féidir laistigh de 20 lá ó rinneadh an chigireacht agus cuirfidh an EFCA í chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO;

▼B

(b) comhlíonfaidh sé an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 34(2), tar éis do na cigirí fógra sáraithe a eisiúint.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

▼B

4. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh an stádas fianaiseach céanna ag tuarascálacha cigireachta agus faireachais arna n-ullmhú ag cigirí NAFO chun fíorais i dtaca le tuarascálacha cigireachta agus faireachais a chigirí féin a shuíomh.

5. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile chun nósanna imeachta breithiúnacha nó eile a éascú arna dtionscnamh mar obair leantach ar thuarascáil arna cur isteach ag cigire NAFO i gcomhréir leis an Scéim.

Airteagal 34

Nósanna imeachta i ndáil le sáruithe

1. Áiritheoidh gach Ballstát is cigire go ndéanfaidh a chigirí an méid seo a leanas ar shárú ar an Rialachán seo a bhrath:

(a) an sárú a thaifeadadh sa tuarascáil chigireachta;

(b) nodaireacht a iontráil agus a shíniú sa logleabhar iascaireachta nó i ndoiciméad ábhartha eile de chuid an tsoithigh a ndéantar cigireacht air ina léirítear an dáta, na comhordanáidí geografacha, agus cineál an tsáraithe, cóip a dhéanamh d'aon iontráil ábhartha agus a iarraidh go síneoidh máistir an tsoithigh gach leathanach chun a dheimhniú gur cóip dheimhnithe den doiciméad bunaidh í;

(c) íomhánna d'aon fhearas, gabháil nó fianaise eile a thaifeadadh a mheasann an cigire a bhfuil gá leo i ndáil leis an sárú;

(d) an séala cigireachta a léirítear i Séala Cigireachta NAFO a thugtar in Iarscríbhinn IV.F a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 42 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a fheistiú go daingean, mar is iomchuí, agus an gníomh a rinneadh agus sraithuimhir gach séala a nótáil sa tuarascáil chigireachta;

(e) iarraidh ar mháistir an tsoithigh:

(i) chun leanúnachas agus fianaise a dhaingniú, an roinn iomchuí den tuarascáil chigireachta a shíniú lena n-admhaítear socrú séalaí; agus

(ii) ráiteas i scríbhinn a thabhairt sa roinn iomchuí den tuarascáil chigireachta;

(f) iarraidh ar mháistir an tsoithigh aon chuid den fhearas iascaireachta ar dealraitheach nach bhfuil sé údaraithe faoin Rialachán seo a bhaint; agus

▼M1

(g) fógra a thabhairt d'aon bhreathnóir ar bord faoin sárú.

▼B

2. Déanfaidh an Ballstát is cigire an méid seo a leanas:

▼M1

(a) laistigh de 24 uair an chloig ón tráth a bhraitear sárú, fógra i scríbhinn faoin sárú arna thuairisciú ag a chigirí a tharchur chuig an gCoimisiún agus EFCA, a tharchuirfidh é chuig údarás inniúil Pháirtí Conarthaigh an Stáit brataí nó chuig an mBallstát murab ionann é agus an Ballstát is cigire, agus chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO. Áireofar leis an bhfógra i scríbhinn an fhaisnéis arna hiontráil sa roinn maidir le Sárú den tuarascáil cigireachta in Iarscríbhinn IV.B a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 41 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo; luafar na bearta ábhartha ann agus tabharfar tuairisc mhionsonraithe ar an mbonn atá leis an bhfógra sáraithe a eisiúint, agus an fhianaise tacaíochta a ghabhann leis an bhfógra; agus i gcás inar féidir, beidh íomhánna d'aon fhearas, gabháil nó fianaise eile a bhaineann leis an sárú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ag gabháil leis;

▼B

(b) laistigh de chúig lá ón tráth a fhillfidh an soitheach cigireachta ar an gcalafort, tarchuirfidh sé an tuarascáil chigireachta chuig an gCoimisiún agus EFCA;

▼M1

Cuirfidh EFCA an tuarascáil cigireachta isteach chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

▼B

3. Déanfar an obair leantach i dtaca le sáruithe arna ndéanamh ag an mBallstát brataí i gcomhréir le forálacha Airteagal 36.

Airteagal 35

Nósanna imeachta breise le haghaidh sáruithe tromchúiseacha

1. Is sárú tromchúiseach é gach ceann de na sáruithe seo a leanas, de réir bhrí Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009:

▼M1

(a) iascaireacht a dhéanamh ar chuóta **"**Eile**"** gan fógra a thabhairt roimh ré don Choimisiún agus EFCA de shárú ar Airteagal 5;

▼B

(b) iascaireacht a dhéanamh ar chuóta "Eile" breis agus cúig lá oibre tar éis chosc an iascaigh de shárú ar Airteagal 5;

(c) iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar stoc atá faoi réir moratóra, nó a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh air, de shárú ar Airteagal 6;

(d) iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar stoic nó ar speiceas tar éis an dáta a choiscfidh an Ballstát brataí an t-iascach a mbeidh fógra tugtha don Choimisiún faoi, de shárú ar Airteagal 6;

▼M1

(e) iascaireacht a dhéanamh i limistéar coiscthe, de shárú ar Airteagal 9(5) nó Airteagal 18

▼B

(f) iascaireacht a dhéanamh le trealamh iascaireachta grinnill i limistéar ina bhfuil cosc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta grinnill, de shárú ar Chaibidil III;

▼M1

(g) mogallmhéid nó méid greille neamhúdaraithe a úsáid de shárú ar Airteagal 13 nó Airteagal 14;

▼B

(h) iascaireacht a dhéanamh gan údarú bailí;

(i) taifead neamhchruinn a dhéanamh ar ghabhálacha, de shárú ar Airteagal 25;

(j) gan córas faireacháin satailíte a iompar ar bord nó cur isteach ar oibriú an chórais sin, de shárú ar Airteagal 26;

▼M1

(k) gan teachtaireachtaí a bhaineann le gabháil a chur in iúl, de shárú ar Airteagal 12(1) nó Airteagal 25;

▼B

(l) bac a chur ar chigirí nó ar bhreathnóirí a ndualgais a chomhlíonadh nó imeagla a chur orthu, cur isteach orthu nó toirmeasc a chur orthu ar shlí eile na dualgais sin a chomhlíonadh, nó aon chineál eile brú indíreach a chur orthu;

(m) sárú a dhéanamh i gcás nach mbeidh aon bhreathnóir ar bord;

(n) fianaise a bhaineann le himscrúdú a cheilt, baint di nó í a chur de láimh, lena n-áirítear séalaí a bhriseadh nó baint díobh nó rochtain a fháil ar limistéir shéalaithe;

(o) doiciméid fhalsaithe a chur faoi bhráid cigire nó faisnéis bhréagach a thabhairt dó lena gcuirfí cosc ar shárú tromchúiseach a bhrath;

(p) tabhairt i dtír, trasloingsiú nó seirbhísí calafoirt eile a úsáid:

(i) i gcalafort nach bhfuil ainmnithe i gcomhréir le forálacha Airteagal 39(1); nó

(ii) gan údarú a fháil ón Stát calafoirt dá dtagraítear in Airteagal 39(6);

(q) mainneachtain forálacha Airteagal 41(1) a chomhlíonadh;

(r) mainneachtain breathnóir a bheith ar bord, más gá sin.

2. I gcás ina mbeidh soitheach á lua ag cigire toisc go ndearna sé sárú tromchúiseach, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé gach beart is gá chun slándáil agus leanúnachas na fianaise a áirithiú, lena n-áirítear, mar is iomchuí, bolg agus/nó trealamh iascaireachta an tsoithigh a shéalú le tuilleadh cigireachta a dhéanamh air;

▼B

(b) iarrfaidh sé go scoirfidh máistir an tsoithigh de gach gníomhaíocht iascaireachta ar dealraitheach go bhfuil sé ina sárú tromchúiseach; agus

(c) tabharfaidh sé fógra láithreach d'údarás inniúil an chigire, agus tarchuirfidh sé an fhaisnéis agus, i gcás inar féidir, híomhánna, laistigh de 24 uair an chloig. Tabharfaidh an t-údarás inniúil a fhaigheann an fhaisnéis sin fógra do Pháirtí Conarthach an Stáit brataí nó don Bhallstát murab ionann é agus an Ballstát is cigire i gcomhréir le hAirteagal 34.

3. I gcás sárú tromchúiseach a bhaineann le soitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aige, déanfaidh na Ballstáit brataí an méid seo a leanas:

(a) admhóidh siad go bhfuarthas an fhaisnéis agus na híomhánna gaolmhara gan mhoill;

(b) áiritheoidh siad nach atosóidh an soitheach a ndéantar cigireacht air ar an iascaireacht go bhfaighfear fógra eile;

(c) úsáidfidh siad an fhaisnéis agus an t-ábhar uile atá ar fáil, déanfaidh siad athbhreithniú ar an gcás agus, laistigh de 72 uair an chloig cuirfidh siad ceangal ar an soitheach dul láithreach chuig calafort chun go ndéanfar cigireacht iomlán faoina údarás, má dhealraíonn sé go ndearnadh aon cheann de na sáruithe tromchúiseacha seo a leanas:

(i) iascaireacht dhírithe ar stoc atá faoi réir moratóra;

(ii) iascaireacht dhírithe ar stoc a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh air faoi Airteagal 6;

(iii) taifead neamhchruinn ar ghabháil, de shárú ar Airteagal 25; nó

(iv) an sárú tromchúiseach céanna le linn tréimhse 6 mhí.

4. I gcás inarb é taifead neamhchruinn a dhéanamh ar ghabháil an sárú tromchúiseach a rinneadh, leis an gcigireacht iomlán, áiritheofar go ndéanfar cigireacht fhisiciúil agus áireamh ar an ngabháil iomlán ar bord, de réir speicis agus Ranna.

▼M1

5. Chun críocha míreanna 3 agus 4, ciallaíonn “taifead neamhchruinn a dhéanamh ar ghabhálacha” difear 10 dtonna nó 20 % ar a laghad a bheith i gceist, pé acu is mó, idir meastacháin na gcigirí ar an ngabháil arna próiseáil ar bord, de réir speicis nó san iomlán, agus na figiúirí arna dtaifeadadh sa logleabhar táirgeachta, arna ríomh mar chéatadán de na figiúirí sa logleabhar táirgeachta.

6. Faoi réir thoiliú an Bhallstáit brataí agus toiliú Pháirtí Chonarthaigh Stáit an chalafoirt murab ionann é, féadfaidh cigirí de chuid an Pháirtí Chonarthaigh nó cigirí Bhallstáit eile páirt a ghlacadh i gcigireacht iomlán agus áireamh a dhéanamh ar an ngabháil.

▼B

7. Mura bhfuil feidhm ag pointe (c) de mhír 3, déanfaidh an Ballstát brataí an méid seo a leanas:

(a) ligfidh sé don soitheach atosú ar an iascaireacht. I gcás den sórt sin, tabharfaidh an Ballstát brataí, tráth nach déanaí ná dhá lá tar éis an fógra sáraithe a fháil, údar i scríbhinn don Choimisiún i dtaobh na cúise nár ordaíodh don soitheach dul chun calafoirt a bheidh ann. Déanfaidh an Coimisiún an t-údar sin a tharchur chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO; nó

(b) cuirfidh sé ceangal ar an soitheach dul láithreach chuig calafort chun go ndéanfar cigireacht iomlán, faoina údarás.

8. I gcás ina n-ordóidh an Ballstát brataí don soitheach a ndéantar cigireacht air dul chun calafoirt, féadfaidh na cigirí teacht ar bord nó fanacht ar bord an tsoithigh fad a bheidh sé ag dul chun calafoirt, ar choinneáil nach gcuirfidh an Ballstát brataí ceangal ar na cigirí an soitheach a fhágáil.

Airteagal 36

Obair leantach ar sháruithe

1. I gcás ina ndéanfaidh soitheach a mbeidh bratach an Bhallstáit ar foluain aige sárú, maidir leis an mBallstát brataí:

(a) déanfaidh sé cigireacht iomlán lena n-áirítear, i gcás inar gá, trí chigireacht fhisiciúil a dhéanamh ar an soitheach iascaireachta a luaithe agus is féidir;

(b) oibreoidh sé i gcomhar leis an bPáirtí Conarthach is cigire de chuid NAFO nó leis an mBallstát is cigire murab ionann é agus an Ballstát brataí chun an fhianaise agus an slabhra coimeádta a chaomhnú i bhfoirm lena n-éascófar imeachtaí i gcomhréir lena dhlíthe;

(c) déanfaidh sé gníomh breithiúnach nó riaracháin láithreach i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta i gcoinne na ndaoine atá freagrach as an soitheach; agus

(d) áiritheoidh sé go bhfuil na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe dian go leor chun comhlíonadh a áirithiú go héifeachtach, sáruithe nó athdhéanamh sáruithe a dhíspreagadh a thuilleadh agus na cosantóirí a choinneáil ó na sochair a fhabhraíonn ón sárú.

2. Ar an ngníomh agus na smachtbhannaí breithiúnacha nó riaracháin dá dtagraítear i bpointe (c) agus (d) de mhír 1 féadfar an méid seo a leanas a áireamh, ach ní bheidh sé teoranta dó sin, ag brath ar thromchúis an chiona agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta:

(a) fíneálacha;

(b) urghabháil an tsoithigh, trealamh iascaireachta agus gabhálacha neamhdhleathacha;

(c) údarú chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh a chur ar fionraí nó a tharraingt siar; agus

(d) aon leithdháiltí iascaireachta a laghdú nó a chur ar ceal.

▼B

3. Áiritheoidh gach Ballstát brataí go gcaithfidh sé le gach fógra sáraithe amhail agus gurb iad a chigirí féin a thuairiscigh an sárú.

4. Tabharfaidh an Ballstát brataí agus an Ballstát calafoirt fógra láithreach don Choimisiún faoin méid seo a leanas:

(a) an gníomh agus na smachtbhannaí breithiúnacha nó riaracháin dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) de mhír 1;

(b) a luaithe agus is féidir ach tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis tarlú sáraithe thromchúisigh, tuarascáil ina leagtar amach dul chun cinn an imscrúdaithe, lena n-áirítear mionsonraí faoi aon ghníomh a bheidh déanta nó tionscanta aige i ndáil leis an sárú; agus

(c) ar a imscrúdú a chur i gcrích, tuarascáil maidir leis an toradh deiridh.

Airteagal 37

Tuarascálacha na mBallstát maidir le cigireacht, faireachas agus sáruithe

1. Tabharfaidh gach Ballstát tuarascáil don Choimisiún agus do EFCA faoin 1 Feabhra gach bliain, i gcomhréir leis an Scéim, faoin bhfaisnéis seo a leanas:

(a) líon na gcigireachtaí a bheidh déanta sa bhliain féilire roimhe sin aige ar shoithí iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain acu agus líon na soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh eile de chuid NAFO ar foluain acu;

(b) ainm gach soithigh iascaireachta faoina mbeidh fógra sáraithe eisithe ag a chigirí, lena n-áirítear dáta agus suíomh na cigireachta agus cineál an tsáraithe;

(c) líon na n-uaireanta a bheidh eitilte ag a aerárthaí faireachais ar patról, líon na n-amharc a bheidh déanta ag na haerárthaí sin, líon na dtuarascálacha faireachais a bheidh tarchurtha acu agus, i gcás gach tuarascála den sórt sin, dáta, am agus suíomh na n-amharc;

(d) an gníomh a bheidh déanta aige le linn na bliana roimhe sin, lena n-áirítear tuairisc ar théarmaí sonracha aon ghníomhartha nó smachtbhannaí breithiúnacha nó riaracháin arna bhforchur (mar shampla méid na bhfíneálacha, luach an éisc agus/nó an fhearais a forghéilleadh, aon rabhaidh a tugadh i scríbhinn), i dtaca leis an méid seo a leanas:

(i) gach sárú a bheidh luaite ag cigire a bhaineann le soithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu; agus

(ii) gach tuarascáil faireachais a bheidh faighte aige.

Faoin 1 Márta gach bliain, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

▼B

2. Léireofar stádas reatha an cháis sna tuarascálacha dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír de mhír 1. Leanfaidh an Ballstát de shárú den sórt sin a liostú i ngach tuarascáil ina dhiaidh sin go dtabharfaidh sé tuarascáil faoi thoradh deiridh an tsáraithe.

3. Soláthróidh Ballstát míniú a bheidh mionsonraithe go leor maidir le gach sárú nach mbeidh aon ghníomh déanta aige faoi nó nár forchuireadh aon phionóis ina leith.

CAIBIDIL VIII

RIALÚ AG STÁT AN CHALAFOIRT AR SHOITHÍ A BHFUIL BRATACH PÁIRTÍ CHONARTHAIGH EILE AR FOLUAIN ACU

Airteagal 38

Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le tabhairt i dtír nó trasloingsiú arna dhéanamh ag soithí iascaireachta a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh eile de chuid NAFO ar foluain acu nó maidir le calafoirt de chuid na mBallstát a bheidh in úsáid ag na soithí sin, ar soithí iad a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar Rialála. Beidh feidhm ag na gCaibidil seo maidir le soithigh a bhíonn ag iompar gabhálacha sa Limistéar Rialála, nó maidir le táirgí iascaigh a thagann ó ghabhálacha den chineál sin, nár tugadh i dtír nó nach ndearnadh a thrasloingsiú ag calafort roimhe sin.

Airteagal 39

Dualgais an Bhallstáit calafoirt

▼M1

1. Tabharfaidh an Ballstát calafoirt liosta don Choimisiún ar liosta de na calafoirt ainmnithe é a bhféadfar cead isteach iontu a thabhairt do shoithí iascaireachta chun críche tabhairt i dtír, trasloingsiú agus/nó seirbhísí calafoirt a sholáthar, agus áiritheoidh sé a mhéid agus is féidir go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ag gach calafort ainmnithe cigireachtaí a dhéanamh de bhun na Caibidle seo. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO faoin liosta calafort ainmnithe. Aon athruithe a dhéanfar ar an liosta ina dhiaidh sin, foilseofar in ionad an liosta roimhe sin iad ar a laghad 15 lá sula dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm.

2. Déanfaidh an Ballstát calafoirt íostréimhse réamhiarrata a leagan síos. Trí lá oibre a bheidh san íostréimhse réamhiarrata roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach. Mar sin féin, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, féadfaidh an Ballstát calafoirt forálacha a dhéanamh maidir le tréimhse réamhiarrata eile, agus cineál táirgthe na gabhála nó an t-achar idir meánna agus a chalafoirt, *inter alia*, á gcur san áireamh. Tabharfaidh an Ballstát calafoirt an fhaisnéis faoin tréimhse réamhiarrata don Choimisiún, agus tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

3. Ainmneoidh an Ballstát calafoirt an t-údarás inniúil a ghníomhóidh mar an pointe teagmhála chun iarrataí a fháil i gcomhréir le hAirteagal 41, dearbhuithe a fháil i gcomhréir le hAirteagal 40(2) agus údaruithe a eisiúint i gcomhréir le mír 6 den Airteagal seo. Tabharfaidh an Ballstát calafoirt ainm an údaráis inniúil agus a fhaisnéis teagmhála don Choimisiún agus tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

▼B

4. Níl feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i mír 1, mír 2 ná mír 3 i gcás nach gceadóidh an tAontas tabhairt i dtír ná trasloingsiú arna dhéanamh ag soithí a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh eile de chuid NAFO ar foluain acu nó i gcás nach gceadóidh an tAontas do shoithí calafoirt a úsáid.

5. Cuirfidh an Ballstát calafoirt cóip den fhoirm dá dtagraítear in Airteagal 41(1) agus (2) gan mhoill chuig an bPáirtí Conarthach brataí de chuid NAFO lena mbaineann an soitheach agus chuig an bPáirtí Conarthach de chuid NAFO lena mbaineann soithí deontóra i gcás ina mbeidh oibríochtaí trasloingsithe déanta ag an soitheach.

6. Ní fhéadfaidh soithí iascaireachta dul isteach i gcalafort gan údarú a fháil ó údaráis inniúla an Bhallstáit calafoirt roimh ré. Ní thabharfar údarú tabhairt i dtír ná trasloingsiú a dhéanamh ná úsáid a bhaint as seirbhísí calafoirt eile ach amháin má fuarthas an dearbhú ón bPáirtí Conarthach brataí de chuid NAFO dá dtagraítear in Airteagal 40(2).

7. De mhaolú ar mhír 6, féadfaidh an Ballstát calafoirt tabhairt i dtír iomlán nó cuid de a údarú gan an dearbhú dá dtagraítear sa mhír sin a fháil faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) coimeádfar na héisc lena mbaineann i stóras faoi rialú na n-údarás inniúil;

(b) ní scaoilfear na héisc le haghaidh a ndíolta, a n-athshealbhaithe, a dtáirgthe ná a n-iompartha, go bhfaighfear an dearbhú dá dtagraítear i mír 6;

(c) mura mbeidh an dearbhú faighte laistigh de 14 lá tar éis oibríochtaí tabhairt i dtír a chomhlánú, féadfaidh an Ballstát calafoirt na héisc a choigistiú agus a dhiúscairt i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta.

▼M1

8. Tabharfaidh an Ballstát calafoirt fógra do mháistir an tsoithigh gan mhoill faoina chinneadh i dtaobh dul isteach i gcalafort a údarú nó a dhiúltú, nó más rud é go mbeidh an soitheach i gcalafort, i dtaobh tabhairt i dtír, trasloingsiú agus aon úsáid eile a bhainfí as calafort a údarú nó a dhiúltú. Má údaraítear dul isteach i gcalafort cuirfidh an Ballstát calafoirt cóip den Fhoirm Réamhiarrata ar Rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt ar ais chuig máistir an tsoithigh ar cóip í atá in Iarscríbhinn II.L a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 43 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus Cuid C comhlánaithe go cuí. Cuirfear an chóip sin chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO freisin agus cuirfear an Coimisiún agus EFCA i gcóip. I gcás diúltú, tabharfaidh an Ballstát calafoirt fógra don Pháirtí Conarthach brataí de chuid NAFO freisin.';

9. I gcás ina gcuirfear an réamhiarraidh dá dtagraítear in Airteagal 41(2) ar ceal, déanfaidh an Ballstát calafoirt cóip den Fhoirm Réamhiarrata ar Rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt a cuireadh ar ceal a sheoladh chuig Rúnaí Feidhmiúchán NAFO agus cuirfear an Coimisiún agus EFCA i gcóip.

▼B

10. Ach amháin má cheanglaítear a mhalairt i bplean téarnaimh, déanfaidh an Ballstát calafoirt cigireachtaí ar 15 % ar a laghad de gach tabhairt i dtír nó trasloingsiú den sórt sin le linn gach bliana tuairiscithe. Agus na soithí a dhéanfar cigireacht orthu á gcinneadh, tabharfaidh an Ballstát calafoirt tosaíocht don mhéid seo a leanas:

(a) soithí ar diúltaíodh dóibh cheana dul isteach i gcalafort nó úsáid a bhaint as i gcomhréir leis an gCaibidil seo nó le haon fhorálacha eile den Rialachán seo; agus

(b) iarrataí ó Pháirtithe Conarthacha eile de chuid NAFO, ó Stáit eile nó ó Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistíochta Iascaigh (“ERBInna”) eile go ndéanfaí cigireacht ar shoitheach ar leith.

11. Beidh cigireachtaí i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.H a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 44 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus is iad cigirí údaraithe de chuid na mBallstát calafoirt a dhéanfaidh iad agus a thabharfaidh doiciméid aitheantais do mháistir an tsoithigh roimh an gcigireacht.

12. Faoi réir chomhaontú an Bhallstáit calafoirt, féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do chigirí Páirtithe Conarthacha eile de chuid NAFO a bheith i gcuideachta a gcigirí féin agus breathnú ar an gcigireacht.

13. Is éard a bheidh i gceist le cigireacht i gcalafort faireachán a dhéanamh ar thabhairt i dtír nó ar thrasloingsiú iomlán acmhainní iascaigh sa chalafort sin. Le linn aon chigireacht den sórt sin, déanfaidh cigire an chalafoirt an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) cros-seiceáil ar an méid seo a leanas i gcoinne cainníochtaí gach speicis arna thabhairt i dtír nó arna thrasloingsiú;

(i) na cainníochtaí de réir speicis arna thaifeadadh sa logleabhar;

(ii) tuarascálacha gabhála agus gníomhaíochta; agus

(iii) an fhaisnéis go léir faoi ghabhálacha arna soláthar sna foirmeacha réamhfhógra mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II.L a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 43 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo – na Foirmeacha Réamhiarrata ar Rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt;

(b) na cainníochtaí a fhíorú agus a thaifeadadh de réir speicis gabhála a bheidh fágtha ar bord ar thabhairt i dtír nó ar thrasloingsiú a chur i gcrích;

(c) aon fhaisnéis a fuarthas mar gheall ar chigireachtaí arna ndéanamh i gcomhréir le Caibidil VII a fhíorú;

(d) gach líon ar bord a fhíorú agus tomhais mogallmhéide a thaifeadadh;

(e) méid an éisc a fhíorú chun go gcomhlíonfaidh sí na ceanglais maidir leis an íosmhéid;

(f) i gcás inarb ábhartha, speicis a fhíorú chun cruinneas dearbhú na gabhála a chomhlíonadh.

▼B

14. Déanfaidh an Ballstát calafoirt, más féidir, teagmháil le máistir an tsoithigh nó le baill shinsearacha an chriú sa soitheach agus leis an mbreathnóir, agus áiritheoidh sé, a mhéid is féidir agus is gá, go mbeidh ateangaire in éineacht leis an gcigire.

15. Más féidir, ní chuirfidh an Ballstát calafoirt moill mhíchuí ar an soitheach iascaireachta agus áiritheoidh sé go mbeidh an oiread is lú den chur isteach nó den mhíchaoithiúlacht ann don soitheach, lena n-áirítear díghrádú ar cháilíocht an éisc nach bhfuil gá leis a sheachaint.

16. Déanfar gach cigireacht a dhoiciméadú trí fhoirm PSC 3 (an fhoirm chigireachta i leith Rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt) a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 49 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chomhlánú. Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa phróiseas a bhaineann leis an tuarascáil chigireachta i leith rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt:

(a) aithneoidh agus tabharfaidh na cigirí mionsonraí i dtaobh aon sárú ar an Rialachán a bhraithfear le linn na cigireachta calafoirt. Ar na mionsonraí sin, áireofar an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil maidir le sáruithe arna mbrath ar muir le linn thuras reatha an tsoithigh ar a ndearnadh cigireacht;

(b) féadfaidh na cigirí aon nótaí tráchta a chur isteach a mheasann siad a bheith ábhartha;

(c) tabharfar an deis do mháistir an tsoithigh nótaí tráchta nó agóid ina haghaidh a chur leis an tuarascáil agus, de réir mar is iomchuí, tabharfar an deis dó dul i dteagmháil le húdaráis ábhartha an Stáit brataí, go háirithe má bhíonn fiordheacrachtaí ag máistir an tsoithigh ábhar na tuarascála a thuiscint;

(d) síneoidh na cigirí an tuarascáil agus iarrfaidh siad go síneoidh máistir an tsoithigh an tuarascáil. Ní bheidh i síniú mháistir an tsoithigh ar an tuarascáil ach admháil go bhfuair sé cóip den tuarascáil;

(e) tabharfar cóip do mháistir an tsoithigh ina mbeidh toradh na cigireachta, lena n-áirítear bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh.

▼M1

17. Déanfaidh an Ballstát calafoirt cóip de gach tuarascáil cigireachta i leith rialú arna dhéanamh ag Stát calafoirt a sheoladh gan mhoill chuig Rúnaí Feidhmiúchán NAFO agus cuirfear an Coimisiún agus EFCA i gcóip.

▼B

Airteagal 40

Dualgais an Bhallstáit brataí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh máistir soithigh iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain aige na hoibleagáidí a bhaineann le máistrí an tsoithigh a leagtar amach in Airteagal 41.

▼B

2. Déanfaidh Ballstát soithigh iascaireachta a bhfuil sé beartaithe aige tabhairt i dtír nó trasloingsiú a dhéanamh ná seirbhísí eile calafoirt a úsáid, nó i gcás ina mbeidh oibríochtaí trasloingsithe déanta lasmuigh de chalafort ag an soitheach, an méid seo a leanas a dhearbhú trí chóip den Fhoirm Réamhiarrata ar Rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt a chur ar ais, ar foirm í a leagtar amach in Iarscríbhinn II.L a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 43 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, arna tarchur i gcomhréir le hAirteagal 39(5) agus cuid B comhlánaithe go cuí, agus luafaidh sé:

(a) go raibh cuóta leordhóthanach don speiceas dearbhaithe ag an soitheach iascaireachta a dhearbhaigh gur ghabh sé an t-iasc;

(b) gur tuairiscíodh go cuí an chainníocht éisc a dearbhaíodh a bheith ar bord de réir speicis agus gur cuireadh san áireamh í le haghaidh aon teorainneacha a ríomh a d'fhéadfadh a bheith infheidhme i leith na gabhála nó na hiarrachta;

(c) go raibh údarú chun iascaireacht a dhéanamh sna limistéir dhearbhaithe ag an soitheach iascaireachta a dhearbhaigh gurb é a ghabh an t-iasc; agus

(d) go ndearnadh láithreacht an tsoithigh sa limistéar inar dhearbhaigh sé gur ghabh sé a ghabháil a fhíorú trí shonraí VMS.

3. Seolfaidh an Ballstát faisnéis teagmhála an údaráis inniúil chuig an gCoimisiún agus gníomhóidh sé mar an pointe teagmhála chun iarrataí a fháil i gcomhréir le hAirteagal 39(5), agus chun dearbhú a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 39(6). Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhformáid PDF ar shuíomh gréasáin NAFO um fhaireachán, rialú agus faireachas.

Airteagal 41

Oibleagáidí mháistir an tsoithigh

1. Déanfaidh máistir nó gníomhaire soithigh iascaireachta a bhfuil sé beartaithe aige dul isteach i gcalafort an iarraidh ar dhul isteach a chur ar aghaidh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit calafoirt laistigh den tréimhse iarrata dá dtagraítear in Airteagal 39(2). Beidh an Fhoirm Réamhiarrata ar Rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt ag gabháil leis an iarraidh sin a leagtar amach in Iarscríbhinn II.L a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 43 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus í comhlánaithe go cuí mar a leanas:

(a) Úsáidfear an Fhoirm Réamhiarrata ar Rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt, PSC 1, dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.L.A a ghabhann le CEM i gcás ina mbeidh a ghabháil féin á hiompar, á tabhairt i dtír nó á trasloingsiú ag an soitheach; agus

(b) Úsáidfear an Fhoirm Réamhiarrata ar Rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt, PSC 2, dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.L.B a ghabhann le CEM i gcás ina mbeidh oibríochtaí trasloingsithe déanta ag an soitheach. Úsáidfear foirm ar leith le haghaidh gach soithigh deontóra;

(c) comhlánófar an dá fhoirm, PSC 1 agus PSC 2, i gcásanna ina ndéanfaidh soitheach a ghabháil féin agus gabháil a fuarthas trí thrasloingsiú a iompar, a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú.

▼B

2. Féadfaidh máistir an tsoithigh nó gníomhaire réamhiarraidh a chur ar ceal trí fhógra a thabhairt d'údaráis inniúla an chalafoirt a raibh sé beartaithe acu a úsáid. Beidh ag gabháil leis an iarraidh cóip den Fhoirm Réamhiarrata bhunaidh ar Rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt a leagtar amach in Iarscríbhinn II.L a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 43 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a mbeidh na focail “ar ceal” scríofa trasna uirthi.

3. Ní thosóidh máistir an tsoithigh oibríochtaí maidir le tabhairt i gcrích ná le trasloingsiú, ná úsáid a bhaint as seirbhísí calafoirt eile, sula dtabharfaidh údarás inniúil Ballstáit údarú ná sula mbeidh an t-am teachta measta arna thuairisciú in PSC1 nó in PSC2 dulta in éag. Mar sin féin, féadfar oibríochtaí maidir le tabhairt i gcrích nó le trasloingsiú agus úsáid a bhaint as seirbhísí calafoirt eile a thosú roimh an am teachta measta ach cead a fháil ó údaráis inniúla an Bhallstáit calafoirt.

4. Déanfaidh máistir an tsoithigh mar a leanas:

(a) comhoibreoidh sé agus tabharfaidh sé cúnamh agus cigireacht á déanamh ar an soitheach iascaireachta i gcomhréir leis na nósanna imeachta sin agus ní chuirfidh sé bac ná imeagla ar chigirí an Stáit calafoirt agus iad i mbun a ndualgas ná ní chuirfidh sé isteach orthu;

(b) tabharfaidh sé rochtain d'aon limistéir, deiceanna, seomraí, gabháil, líonta nó trealamh nó fearas eile, agus tabharfaidh sé aon fhaisnéis ábhartha a iarrfaidh cigirí an Stáit calafoirt lena n-áirítear cóipeanna d'aon doiciméid ábhartha.

Airteagal 42

Sáruithe arna mbrath le linn cigireachtaí i gcalafort

I gcás ina ndéanfar sárú a bhrath le linn cigireacht ar shoitheach i gcalafort, beidh feidhm ag forálacha ábhartha Airteagal 34 go hAirteagal 37.

Airteagal 43

Rúndacht

Déileálfaidh na Ballstáit, na húdaráis inniúla, na hoibreoirí, máistrí na soitheach agus an criú le gach tuarascáil chigireachta agus imscrúdaithe agus íomhá nó fianaise ghaolmhar agus foirm dá dtagraítear sa Chaibidil seo mar fhaisnéis rúnda, i gcomhréir leis na rialacha maidir le rúndacht a leagtar amach in Iarscríbhinn II.B a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 37 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL IX

PÁIRTÍ NEAMHCHONARTHACH

Airteagal 44

Iascaireacht NNN a thoimhdiú

Toimhdeofar gur bhain soitheach Pháirtí Neamhchonarthaigh an bonn d'éifeachtacht an Rialacháin seo, agus go ndearna sé iascaireacht NNN, más rud é:

▼B

(a) go bhfuarthas amharc air nó gur aithníodh é ar mhodh eile mar shoitheach a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar Rialála;

(b) go raibh baint aige le trasloingsiú le soitheach Páirtí Neamhchonarthach eile a bhfuarthas amharc air nó a aithníodh mar shoitheach a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta laistigh den Limistéar Rialála nó lasmuigh de; agus/nó

(c) gur cuireadh san áireamh ar an liosta NNN é de chuid an Choimisiúin um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh ("NEAFC") ([7]).

▼M1

Airteagal 45

Amharc a fháil ar shoithí Páirtí Neamhchonarthaigh agus cigireacht a dhéanamh orthu sa Limistéar Rialála

Déanfaidh gach Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, EFCA, a dhéanann cigireacht agus/nó faireachas sa Limistéar Rialála atá údaraithe faoin Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach agus a bhfaightear amharc le linn na cigireachta sin ar shoitheach Páirtí Neamhchonarthaigh a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar Rialála, nó a ndéantar é a aithint lena linn, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) tarchuirfidh sé an fhaisnéis láithreach chuig an gCoimisiún agus úsáid á baint as an tuarascáil faireachais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 38 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) déanfaidh sé iarracht a chur in iúl do mháistir an tsoithigh go dtoimhdítear go bhfuil iascaireacht NNN á déanamh ag an soitheach agus go ndéanfar an fhaisnéis sin a dháileadh ar gach Páirtí Conarthach, ar ERBInna ábhartha agus ar Stát brataí an tsoithigh;

(c) más iomchuí, iarrfaidh sé cead ó mháistir an tsoithigh dul ar bord an tsoithigh chun cigireacht a dhéanamh air; agus

(d) i gcás ina n-aontóidh máistir an tsoithigh le cigireacht:

(i) déanfaidh sé torthaí an chigire a tharchur chuig an gCoimisiún gan mhoill, agus úsáid á baint as an bhfoirm maidir le tuarascáil cigireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.B a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 41 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo; agus

(ii) tabharfaidh sé cóip den tuarascáil cigireachta do mháistir an tsoithigh.

▼B

Airteagal 46

Dul isteach i gcalafort agus cigireacht a dhéanamh ar shoithigh Pháirtí Neamhchonarthaigh

1. Iarrfaidh gach máistir soithigh ar shoitheach Páirtí Neamhchonarthaigh cead ó údarás inniúil an Bhallstáit calafoirt dul isteach i gcalafort i gcomhréir le forálacha Airteagal 41.

([7]) The Convention on future multilateral co-operation in the North-East Atlantic Fisheries (An Coinbhinsiún maidir le comhar iltaobhach amach anseo in Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh) arna shíniú i Londain an 18 Samhain 1980 agus a tháinig i bhfeidhm an 17 Márta 1982 ar aontaigh an Comhphobal Eorpach dó an 13 Iúil 1981 (IO L 227, 12.8.1981, lch. 22).

▼B

2. Déanfaidh gach Ballstát calafoirt na nithe seo a leanas:

(a) an fhaisnéis a bheidh faighte aige de bhun Airteagal 41 a chur ar aghaidh chuig Stát brataí an tsoithigh agus chuig an gCoimisiún gan mhoill;

(b) dul isteach i gcalafort a dhiúltú d'aon soitheach Páirtí Neamhchonarthaigh i gcás:

(i) nach mbeidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 41(1) comhlíonta ag máistir an tsoithigh; nó

(ii) nár dhearbhaigh an Stát brataí gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh i gcomhréir le hAirteagal 40(2);

(c) a chinneadh a chur in iúl do mháistir an tsoithigh nó don ghníomhaire, do Stát brataí an tsoithigh sin, agus don Choimisiún ar cinneadh é i leith cead dul isteach i gcalafort, tabhairt i dtír, trasloingsiú, nó úsáid eile a bhainfeadh aon soitheach Páirtí Neamhchonarthaigh as calafort, a dhiúltú;

(d) diúltú dul isteach i gcalafort a tharraingt siar ach amháin má chinn an Stát calafoirt go bhfuil cruthúnas leordhóthanach ann nach raibh na forais ar ar diúltaíodh dul isteach leordhóthanach nó go raibh siad earráideach nó nach raibh feidhm ag na forais sin a thuilleadh;

(e) a chinneadh a chur in iúl do mháistir an tsoithigh nó don ghníomhaire, do Stát brataí an tsoithigh sin, agus don Choimisiún, ar cinneadh é maidir le diúltú a tharraingt siar i leith dul isteach i gcalafort, tabhairt i dtír, trasloingsiú nó úsáid eile a bhainfeadh aon soitheach Páirtí Neamhchonarthaigh as calafort;

(f) i gcás ina gceadóidh sé dul isteach, áiritheoidh sé go ndéanfaidh oifigigh atá údaraithe go cuí agus a bhfuil eolas acu ar an Rialachán seo cigireacht ar an soitheach agus go ndéanfar an chigireacht i gcomhréir le hAirteagal 39(11) go dtí (17); agus

(g) cóip den tuarascáil chigireachta agus mionsonraí i dtaobh aon ghníomh a rinne sé ina dhiaidh sin a sheoladh chuig an gCoimisiún gan mhoill.

3. Áiritheoidh gach Ballstát nach ndéanfaidh aon soitheach Páirtí Neamhchonarthaigh oibríochtaí tabhairt i gcrích, nó trasloingsithe ná nach mbainfidh sé aon úsáid eile as a chalafoirt ach amháin má rinne a oifigigh atá údaraithe go cuí agus a bhfuil eolas acu ar an Rialachán seo cigireacht ar an soitheach agus má shuíonn máistir an tsoithigh go ndearnadh an speiceas éisc ar bord a shaothrú faoi réir an Choinbhinsiúin lasmuigh den Limistéar Rialála nó i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 47

Liosta sealadach de shoithí NNN

1. I dteannta faisnéis a chuir na Ballstáit isteach i gcomhréir le hAirteagal 42 agus le hAirteagal 44, féadfaidh gach Ballstát aon fhaisnéis a tharchur chuig an gCoimisiún gan mhoill, ar faisnéis í a fhéadfaidh a bheith ina cúnamh le haon soitheach Páirtí Neamhchonarthaigh a d'fhéadfadh a bheith i mbun iascaireacht NNN sa Limistéar Rialála a aithint.

▼B

2. Má dhéanann Páirtí Conarthach agóid i gcoinne soitheach atá ar an liosta soitheach NNN de chuid NEAFC a ionchorprú ar an liosta soitheach NNN de chuid NAFO nó a bhaint de, cuirfidh Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO an soitheach sin ar an Liosta sealadach de shoithí NNN.

Airteagal 48

Gníomh a dhéanamh i gcoinne na soitheach a liostaítear ar an liosta soitheach NNN

Déanfaidh gach Ballstát na bearta uile is gá chun iascaireacht NNN a dhíspreagadh, a thoirmeasc agus a dhíothú, i ndáil le gach soitheach a liostaítear ar an liosta soitheach NNN, lena n-áirítear:

(a) toirmeasc a chur le gach soitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aige, ach amháin i gcás *force majeure*, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta leis na soithí sin, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'oibríochtaí iascaireachta comhpháirteacha;

(b) toirmeasc a chur le soláthairtí, breosla nó seirbhísí eile a chur ar fáil do na soithí sin;

(c) toirmeasc a chur leis na soithí sin dul isteach ina gcalafoirt, agus más i gcalafort atá an soitheach, toirmeasc a chur le húsáid an chalafoirt, ach amháin i gcás *force majeure* nó éigeantais, chun críche cigireacht a dhéanamh, nó chun gníomh forfheidhmithe iomchuí a dhéanamh;

(d) athrú criú a thoirmeasc, ach amháin mar is gá i ndáil le *force majeure*;

(e) diúltú údarú a thabhairt do na soithí sin iascaireacht a dhéanamh in uiscí faoina ndlínse náisiúnta;

(f) toirmeasc a chur le cairtfhostú na soithí sin;

(g) diúltú teideal a thabhairt do na soithí sin a mbratach a chur ar foluain;

(h) toirmeasc a chur ar thabhairt i gcrích agus allmhairiú éisc a thagann ó na soithí sin nó atá inrianaithe chucu;

(i) spreagadh a thabhairt d'allmhaireoirí, d'iompróirí agus d'earnálacha eile lena mbaineann, gan trasloingsiú éisc a chaibidliú leis na soithí sin; agus

(j) aon fhaisnéis iomchuí maidir leis na soithí sin a bhailiú agus a mhalartú leis na Páirtithe Conarthacha eile, leis na Páirtithe Neamhchonarthacha agus leis na ERBInna agus é mar aidhm leis úsáid deimhnithe bréagacha allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a bhrath, a dhíspreagadh agus a thoirmeasc i ndáil le héisc nó le táirge iascaigh ó na soithí sin.

▼B

CAIBIDIL X

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 49

Rúndacht

I dteannta na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 112 agus Airteagal 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh na Ballstáit gur i modh rúin a dhéileálfar leis na tuarascálacha leictreonacha agus leis na teachtaireachtaí leictreonacha a tharchuirfear chuig NAFO agus a gheofar uaidh de bhun phointe (a) d'Airteagal 4(2), Airteagal 4(6), phointe (c) d'Airteagal 5(3), Airteagal 10(2), Airteagal 15(4), Airteagal 22(1), (5) agus (6), Airteagal 23(6), Airteagal 25(8), Airteagal 26(9), Airteagal 27(3), (5), (6), (7) agus (15), Airteagal 29(1) agus (2), Airteagal 34(2), Airteagal 36(4), Airteagal 37(1) agus Airteagal 39(8).

Airteagal 50

An nós imeachta i gcomhair leasuithe

1. Glacfaidh an Coimisiún faoin 18 Nollaig 2019 gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 51 lena bhforlíonfar an Rialachán seo leis na forálacha agus na hIarscríbhinní a ghabhann le CEM dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 chun an gníomh tarmligthe sin a leasú ina dhiaidh sin.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 lena leasaítear an Rialachán seo chun é a oiriúnú le bearta arna nglacadh ag NAFO a thugann an tAontas gona Bhallstáit orthu féin i ndáil le:

(a) an liosta de ghníomhaíochta arna ndéanamh ag soithí taighde dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

(b) bearta dá bhforáiltear in Airteagal 9 i ndáil le limistéir iascaireachta ina bhfuil an séacla Artach; tuairisciú ábhartha, athrú iascaigh, doimhneachtaí iascaireachta agus tagairtí do limistéir srianta nó choiscthe;

(c) nósanna imeachta i dtaca le soithí a bhfuil breis agus 50 tonna beomheáchain de ghabháil iomlán ar bord acu agus a théann isteach sa Limistéar Rialála chun iascaireacht a dhéanamh ar an haileabó Graonlannach i dtaca le hinneachar na bhfógraí dá bhforáiltear i bpointe (a) agus (b) d'Airteagal 10(2), agus coinníollacha chun iascaireacht a thosú dá bhforáiltear i bpointe (d) d'Airteagal 10(2);

(d) inneachar an tarchuir leictreonaigh a leagtar amach in Airteagal 22(5), an liosta de dhoiciméid bhailí atá le hiompar ar bord soithigh i gcomhréir le hAirteagal 22(8) agus inneachar an phlean acmhainneachta a bhfuil tuairisc air in Airteagal 22(10);

(e) doiciméid atá le hiompar ar bord soithigh chairtfhostaithe i gcomhréir le socruithe maidir le cairtfhostú in Airteagal 23(9);

▼B

(f) sonraí VMS nach mór a bheith tarchurtha go huathoibríoch agus go leanúnach mar a leagtar amach in Airteagal 26(1), chomh maith leis na dualgais i dtaca le LFI mar a leagtar amach in Airteagal 26(2) agus (9);

(g) rátaí céatadáin le haghaidh clúdaigh breathnóra mar a leagtar amach in Airteagal 27(3), tuairisciú na mBallstát mar a leagtar amach in Airteagal 27(7), dualgais breathnóra mar a leagtar amach in Airteagal 27(11) agus dualgais mháistir an tsoithigh mar a leagtar amach in Airteagal 27 (12);

(h) oibleagáidí mháistir an tsoithigh le linn cigireachta mar a leagtar amach in Airteagal 32;

▼M1

(i) mogallmhéideanna arna leagadh amach in Airteagal 13(2);

(j) sonraíochtaí teicniúla maidir le greillí sórtála, grátaí sórtála agus slabhraí scoránaithe in iascaireacht ar an séacla Artach a leagtar amach in Airteagal 14(2) mar aon le sonraí teicniúla maidir leis na greillí sórtála nó na socrúcháin a leagtar amach in Airteagal 14(3) nó (3a);

(k) srianta limistéir nó tréimhse maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill a leagtar amach in Airteagal 18.

▼B

3. Beidh leasuithe a dhéanfar i gcomhréir le mír 1 teoranta go docht do leasuithe ar CEM a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

Airteagal 51

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 50 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 17 Meitheamh 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 50 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

▼B

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 50 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 52

Aisghairm

Déantar Rialachán (CE) Uimh. 2115/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1386/2007 a aisghairm leis seo.

Airteagal 53

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1627

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2016/1627 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear isteach na pointí seo a leanas::

"(27) ciallaíonn 'soitheach spléir peiligeach mórscála' soitheach spléir peiligeach ar mó ná 24 mhéadar a fhad iomlán;

(28) ciallaíonn 'peaslíonta saighne' líon ciorclaithe a bhfuil a bhun tarraingthe le chéile ag braighdín íochtair ag bun an lín, agus an braighdín sin ag dul trí shraith fáinní ar feadh na téide grinnill, i dtreo is gur féidir an líon a fháscadh agus a dhúnadh;".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"Airteagal 9

Pleananna bainistíochta maidir le hacmhainneacht iascaireachta

1. Déanfaidh gach Ballstát plean bainistíochta maidir le hacmhainneacht iascaireachta chun líon na soithí iascaireachta a choigeartú, d'fhonn a léiriú go bhfuil an acmhainneacht iascaireachta i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta a shanntar do na soithí sa tréimhse ama ábhartha.

2. Déanfaidh na Ballstáit an acmhainneacht iascaireachta a choigeartú trí úsáid a bhaint as na paraiméadair a mhol an SCRS agus a ghlac ICCAT in 2009.

Féadfaidh na Ballstáit cuótaí a leithdháileadh ar shoithí mionscála cósta atá údaraithe tuinnín gorm a iascach agus cuirfidh siad an méid sin in iúl ina bpleananna iascaireachta. Áireoidh siad freisin na bearta breise chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar ídiú cuóta an chabhlaigh sin ina bpleananna faireacháin, rialaithe agus cigireachta. Féadfaidh na Ballstáit líon éagsúil soithí a údarú lena ndeiseanna iascaireachta a thapú ina n-iomláine, agus na paraiméadair dá dtagraítear i mír 1 á n-úsáid acu.

▼B

3. Féadfaidh an Phortaingéil agus an Spáinn cuótaí earnálacha a leithdháileadh le haghaidh bád baoite a oibríonn sna huiscí timpeall ar na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha. Saineofar go soiléir an cuóta earnálach agus na bearta breise chun faireachán a dhéanamh ar ídiú an chuóta sin sna pleananna bliantúla faoi seach.

4. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit cuótaí earnálacha a shannadh i gcomhréir le mír 2 nó mír 3, ní bheidh feidhm ag an gceanglas íos-chuóta in 5 thona a shainigh SCRS in 2009.

5. Beidh an coigeartú acmhainneachta iascaireachta i gcás soithí peas-saighne teoranta d'uasmhéadú 20 % i gcomparáid leis an acmhainneacht bhunlíne iascaireachta don bhliain 2018.

6. Don tréimhse 2019-2020, féadfaidh na Ballstáit líon gaistí a bheidh ag iascach tuinnín gorma a údarú ionas gur féidir a ndeiseanna iascaireachta a shaothrú ina n-iomláine.”.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

“Airteagal 10

Pleananna bliantúla bainistíochta feirmeoireachta

1. Faoin 31 Eanáir gach bliain, cuirfidh gach Ballstát ag a bhfuil cuóta don tuinnín gorm ar aghaidh chuig an gCoimisiún plean bliantúil bainistíochta feirmeoireachta i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Cuirfidh an Coimisiún na pleananna sin le chéile agus déanfaidh sé iad a chomhtháthú i bplean an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún an plean sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 15 Feabhra gach bliain chun go ndéanfar é a phlé agus a fhormheas.

3. Sa phlean bliantúil bainistíochta feirmeoireachta, léireoidh gach Ballstát go bhfuil an acmhainneacht ionchuir iomlán agus an acmhainneacht feirmeoireachta iomlán i gcomhréir leis an méid measta tuinníní gorma atá ar fáil don fheirmeoireacht.

4. Cuirfidh na Ballstáit teorainn lena n-acmhainneacht feirmeoireachta tuinníní arb ionann í agus an acmhainneacht feirmeoireachta iomlán atá cláraithe in ICCAT ‘taifead ar shaoráidí feirmeoireachta tuinníní gorma’ nó atá údaraithe agus dearbhaithe do ICCAT in 2018.

5. Beidh uas-ionchur tuinníní gorma fiáine a ghabhfar agus a thabharfar isteach i bhfeirmeacha Ballstáit, teoranta do leibhéal na gcainníochtaí ionchuir a chláraigh feirmeacha an Bhallstáit sin le ICCAT sa ‘taifead ar shaoráidí feirmeoireachta tuinníní gorma’ sna blianta 2005, 2006, 2007 nó 2008.

6. Más gá do Bhallstát uas-ionchur tuinníní gorma fiáine a ghabhfar a mhéadú i bhfeirm amháin nó i roinnt feirmeacha tuinníní dá chuid beidh an méadú sin i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta a sannadh don Ballstát sin, lena n-áirítear tuinníní gorma beo a allmhairiú.

▼B

7. Áiritheoidh na Ballstáit feirme maidir le heolaithe ar chuir SCRS cúram orthu triallacha a dhéanamh chun rátaí fáis a shainaithint le linn na tréimhse ramhraithe, go mbeidh rochtain agus cúnamh acu, de réir mar a cheanglaítear faoin bprótacal, chun triallacha a dhéanamh i gcomhréir leis an bprótacal caighdeánaithe a d'fhorbair SCRS chun faireachán a dhéanamh ar éisc aonair inaitheanta.”.

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

“Airteagal 11

Séasúir iascaireachta

1. Ceadófar peas-saighneoireacht tuinnín ghoirm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir ón 26 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh peas-saighneoireacht tuinnín ghoirm i Muir Aidriad a bheith oscailte go dtí 15 Iúil i gcás iasc saothraithe i Muir Aidriad (limistéir iascaigh FAO 37.2.1).

3. De mhaolú ar mhír 1, más féidir le Ballstát a léiriú, mar thoradh ar ghaotha chomh láidir le fórsa 5, nó níos láidre, ar scála Beaufort, nach raibh roinnt dá shoithí gabhála peas-saighneoireachta ag iascach tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir in ann a ngnáth-laethanta iascaireachta a úsáid le linn na bliana, féadfaidh an Ballstát sin 10 lá caillte ar a mhó a thabhairt ar aghaidh chuig an 11 Iúil i gcás na soithí lena mbaineann le linn na bliana.

4. Ceadófar do shoithí mórscála peiligeacha gabhála spiléar tuinníní gorma a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Bealtaine.

5. Bunóidh na Ballstáit séasúir oscailte dá gcabhlaigh, seachas soithí peas-saighne agus soithí mórscála peiligeacha gabhála spiléar, ina bpleananna iascaireachta bliantúla.”.

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

“Airteagal 16

Foghabhálacha

1. Déanfaidh gach Ballstát foráil maidir le foghabháil tuinníní gorma laistigh dá chuóta agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin tráth a gcuirfidh sé a phlean iascaireachta bliantúil ar aghaidh.

2. Ní bheidh líon na bhfoghabhálacha tuinníní gorma níos mó ná 20 % de na gabhálacha iomlán ar bord ag deireadh gach turais iascaireachta. Saineofar go soiléir sa phlean iascaireachta bliantúil an mhodheolaíocht a úsáidfear chun na foghabhálacha sin a ríomh i dtaca leis an ngabháil iomlán ar bord. Féadfar foghabhálacha a ríomh de réir meáchain nó de réir líon na speiceas. Ní bheidh feidhm ag ríomh de réir líon na speiceas ach maidir le tuinníní agus le speicis atá cosúil le tuinníní atá bainistithe ag ICCAT. Féadfar líon na bhfoghabhálacha údaraithe don chabhlach soithí mionscála cósta a ríomh ar bhonn bliantúil.

▼B

3. Bainfear gach foghabháil tuinníní gorma marbha, a choinníodh ar bord nó a caitheadh amach, de chuóta an Bhallstáit brataí, agus déanfar í a thaifeadadh agus a thuairisciú don Choimisiún.

4. I gcás Ballstáit nach bhfuil cuóta don tuinnín gorm acu, déanfar na foghabhálacha lena mbaineann a bhaint de chuóta foghabhála sonrach de chuid an Aontais don tuinnín gorm arna bhunú i gcomhréir le CFAE agus le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

5. Má tá an cuóta a sannadh do Bhallstát an tsoithigh iascaireachta nó an ghaiste lena mbaineann ídithe cheana féin, ní cheadófar aon ghabhálacha tuinníní gorma agus déanfaidh na Ballstáit na bearta riachtanacha chun a áirithiú go scaoilfear iad. Beidh cosc ar phróiseáil agus ar thráchtálú tuinníní gorma marbha agus déanfar gach gabháil a thaifeadadh. Tuairisceoidh na Ballstáit faisnéis maidir le gabhálacha den chineál sin ar bhonn bliantúil chuig an gCoimisiún a thabharfaidh an fhaisnéis sin do Rúnaíocht ICCAT.

6. Déanfaidh soithí nach bhfuil tuinníní gorma á n-iascach go gníomhach acu aon chainníocht de thuinníní gorma a choinníodh ar bord ó speicis eile, ionas gur féidir le húdaráis rialaithe faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Airteagail seo. Féadfar na foghabhálacha sin a mhargú sa mhéid go bhfuil eBCD in éineacht leo.”.

Airteagal 54

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 53 ón 21 Meitheamh 2019.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

IARSCRÍBHINN

(1) Tábla 4 de CEM dá dtagraítear i bpointe 17 d'Airteagal 3 agus in Airteagal 17;

(2) Fíor 2 de CEM dá dtagraítear i bpointe 17 d'Airteagal 3 agus in Airteagal 17;

(3) Cuid VI d'Iarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 21 d'Airteagal 3, in Airteagal 21(2) agus i bpointe (i) de phointe (a) d'Airteagal 27(11);

(4) Cuid VII d'Iarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 29 d'Airteagal 3;

(5) Formáid a leagtar síos in Iarscríbhinn II.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 4(2);

(6) Tábla 1 agus Fíor 1(1) de CEM dá dtagraítear in Airteagal 9(1);

(7) Tábla 2 agus Fíor 1(2) de CEM dá dtagraítear in Airteagal 9(4);

(8) Tábla 3 agus Fíor 1(3) de CEM dá dtagraítear in Airteagal 9(5);

(9) Formáid a leagtar síos in Iarscríbhinn IV.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 10(1), pointe (c) d'Airteagal 27(3) agus Airteagal 39(16);

(10) Iarscríbhinn III.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear in Airteagal 13(1);

(11) Iarscríbhinn I.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 13(2), i bpointe (b) d'Airteagal 24(1) agus sa dara fomhír d'Airteagal 25(6);

(12) Iarscríbhinn III.B a ghabhann le CEM dá dtagraítear in Airteagal 14(2) agus (3);

(13) Iarscríbhinn I.D a ghabhann le CEM dá dtagraítear in Airteagal 16(1) agus (2);

(14) Fíor 3 de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(1);

(15) Tábla 5 de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(1);

(16) Fíor 4 de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(2);

(17) Tábla 6 de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(2);

(18) Fíor 5 de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(3) agus (4);

(19) Tábla 7 de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(3) agus (4);

(20) Prótacal taiscéalaíoch in Iarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear in Airteagal 19(1);

(21) Fógra go bhfuil rún tabhairt faoi iascaireacht grinnill thaiscéalaíoch in Iarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 19(2);

▼B

(22) Tuarascáil ar thuras iascaireachta grinnill taiscéalaíoch in Iarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 19(2);

(23) Eilimintí le measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha atá á mbeartú in Iarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (b)d'Airteagal 20(2);

(24) Foirm Tiomsaithe Sonraí maidir le hIascach Taiscéalaíoch in Iarscríbhinn I.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 21(4);

(25) Formáid a leagtar síos don liosta soithí in Iarscríbhinn II.C1 a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 22(1);

(26) Formáid a leagtar síos le soitheach a bhaint den liosta soithí in Iarscríbhinn II.C2 a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 22(1);

(27) Formáid a shonraítear d'údarú aonair do gach soitheach in Iarscríbhinn II.C3 a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 22(5);

(28) Formáid a leagtar síos le fionraí údaraithe in Iarscríbhinn II.C4 a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 22(5);

(29) Liosta cóid tíolactha na foirme táirge mar a liostaítear in Iarscríbhinn II.K a ghabhann le dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 24(1);

(30) Samhail le haghaidh logleabhar iascaireachta in Iarscríbhinn II.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear in Airteagal 25(2);

(31) Formáid do thuarascáil ghabhála in Iarscríbhinn II.D a ghabhann le CEM dá dtagraítear in Airteagal 25(6) agus (8) agus i bpointe (b) d'Airteagal 26(9);

(32) Formáid chun tuarascáil ghabhála a chur ar ceal in Iarscríbhinn II.F a ghabhann le CEM dá dtagraítear in Airteagal 25(6) agus (7);

(33) Iarscríbhinn II.N a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 25(9);

(34) Formáid do mhalartú sonraí in Iarscríbhinn II.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 26(9);

(35) Tuarascáil na mbreathnóirí in Iarscríbhinn II.M a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 27(11);

(36) Tuarascáil in Iarscríbhinn II.G a ghabhann le CEM a thugann an breathnóir go laethúil dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 27(11);

(37) Rialacha maidir le rúndacht in Iarscríbhinn II.B a ghabhann le CEM dá dtagraítear in Airteagal 28(10) agus in Airteagal43;

(38) Foirm maidir le Tuarascáil Faireachais in Iarscríbhinn IV.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 30(1) agus pointe (a) d'Airteagal 45;

(39) Íomhá den bhratainn in Iarscríbhinn IV.E a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 31;

(40) Rialacha maidir le dréimire bordála a sholáthar in Iarscríbhinn IV.G a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 32;

▼B

(41) Tuarascáil chigireachta in Iarscríbhinn IV.B a ghabhann le CEM dá dtagraítear in Airteagal 33(1), i bpointe (a) d'Airteagal 34(2) agus i bpointe (d)d'Airteagal 45;

(42) Séala cigireachta NAFO in Iarscríbhinn IV.F a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 34(1);

(43) Foirm Réamhiarrata ar Rialú arna dhéanamh ag an Stát Calafoirt in Iarscríbhinn II.L a ghabhann le CEM dá dtagraítear in Airteagal 39(8) agus pointe (iii) de phointe (a) d'Airteagal 39(13), in Airteagal 40(2) agus Airteagal 41(1) agus (2);

▼M1

(44) Iarscríbhinn IV.H a ghabhann le CEM maidir le cigireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 39(11);

(45) Iarscríbhinn II.H de CEM maidir leis an nós imeachta chun rochtain a thabhairt do dhaoine aonair de chuid Páirtithe Conarthacha ar shuíomh gréasáin MCS.